Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2019



# Clár na nÁbhar

**Réamhrá** 2

**Tuarascáil an Chathaoirligh** 4

**Riachtanais Bhreise Tuairiscithe** 4

**Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh** 12

**Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis & Eolaíoch** 14

**Oibríochtaí** 15
Seirbhísí do Dheontóirí 16
Táirgeadh, Forbairt Táirgí agus Seirbhísí Ospidéil 22

**Tástáil** 28
An tSaotharlann um Thástáil Aigéid Núicléasaigh 28
SNTIH 29
An tSaotharlann Víreolaíochta 31
RCI Baile Átha Cliath 32
Saotharlann Diagnóisice Chorcaí 33
Grúpáil Uathoibrithe Deontóirí 35

**Seirbhísí Eile** 38
Banc Fíochán 38
An tSeirbhís Aifiréise Teiripí 38
An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (NHO) 44
Clárlann na hÉireann um Smior Neamhghaolmhar 45

**Cáilíocht & Comhlíonadh** 46

**Acmhainní Daonna** 48

**Airgeadas** 52

**Sonraí teagmhála** 53



# Réamhrá

Arís eile, an t-éacht is mó a bhain ár n-eagraíocht amach in 2019 ná go raibh *soláthar fola sábháilte inbhuanaithe* ann.
Is ionann bliain rathúil agus bliain ina mbíonn soláthar leordhóthanach fola ann, agus bliain nach mbíonn aon toradh neamhfhabhrach ann mar gheall ar fhuilaistriú. Cinntímid go mbíonn eispéireas dearfach ag ár ndeontóirí nuair a dheonaíonn siad a gcuid fola, agus mar thoradh ar sin bíonn soláthar leordhóthanach fola againn. Bíonn an cuspóir sin i gcroílár a lán de na cinntí a dhéanaimid.

In 2019, chuireamar i bhfeidhm próiseas nua, agus mar chuid den phróiseas cuireadh cathaoireacha nua i ngach ceann dár gclinicí taistil, sa dóigh is go mbeadh an t-eispéireas deonaithe chomh compordach agus is féidir. Chomh maith leis sin, chuireamar an obair athlonnaithe i gcrích ar ionad nua i dTuaim. Chuireamar tús le huasghrádú a dhéanamh ar an gcóras ríomhaireachta atá againn agus beifear in ann, dá bharr, córas coinne a thabhairt isteach inár gclinicí go léir, rud a chuirfidh tuilleadh feabhais ar eispéireas an deontóra. Tá an bord faoi chomaoin ag na baill foirne go léir atá ag obair inár gclinicí agus a chuireann fáilte mhór chroíúil ar dhóigh ghairmiúil roimh ár ndeontóirí ar fad. Táimid faoi chomaoin chomh maith ag an gcuid eile den bhainistíocht agus den fhoireann ar fud na heagraíochta a fhéachann chuige go ndéantar an fhuil a bhailítear a thástáil, a phróiseáil, a stóráil agus a iompar chuig na hospidéil agus othair a bhfreastalaímid orthu, agus sin ar fad a dhéanamh go sábháilte. Is iad ár mbaill foirne an acmhainn is tábhachtaí atá againn agus i mí Dheireadh Fómhair sheolamar Creatlach Forbartha Ceannaireachta i gcomhpháirt le Scoil Ghnó Kemmy in Ollscoil Luimnigh. Beifear in ann mar sin ceannairí atá againn a fhorbairt agus an chéad ghlúin eile a chothú, iadsan a dhéanfaidh na hathruithe a bhfuil gá leo a chur chun cinn le fanacht ar thús cadhnaíochta sna cleachtais idirnáisiúnta fuilaistrithe is fearr.

Bhí an phleanáil faoi choinne an Bhreatimeachta ar an ábhar ba mhó a bhí faoi thrácht sna hathbhreithnithe feidhmiúcháin ar riosca go luath in 2019, le cinntiú go raibh pleananna teagmhais i bhfeidhm do sholáthraithe agus le cinntiú, má chuirtear as don slabhra soláthair, go ndéanfar sin a mhaolú an oiread agus is féidir. Tiocfaidh ardú ar chuid dár gcostais sa ghearrthéarma gan amhras de thoradh na Breatimeachta. Tá IBTS mar bhall de líonra Eorpach na ngníomhaireachtaí fola, sárghrúpa ó thaobh eolas a roinnt agus struchtúir sholáthair a chur ar fáil. Tá lúcháir orainn a bheith mar pháirt d'eagraíocht atá chomh comhoibríoch sin agus muid ag plé leis na hathruithe seo. Tá IBTS suite go maith le dul i ngleic le Breatimeacht gan chomhaontú má tharlaíonn a leithéid.



*"Tá an bord faoi chomaoin ag na baill foirne go léir atá ag obair inár gclinicí agus a chuireann fáilte mhór chroíúil ghairmiúil roimh ár ndeontóirí ar fad."*

I mí an Mheithimh, chuireamar i bhfeidhm ar bhonn céimneach ár seirbhísí d'othair a bhfuil haemacrómatóis orthu i ngach ceann dár gclinicí, rud a thabharfaidh deis dóibh a bheith ina ndeontóirí fola mar chuid den chóireáil ar an bhfadhb shláinte atá orthu. Go nuige seo, chuirtí cóireáil orthu in ospidéil agus i gclinicí dochtúirí teaghlaigh, agus chaití amach an fhuil.

Faoi mar atá rudaí anois, beidh a lán othar a bhfuil haemacrómatóis orthu ábalta freastal ar chlinic deonaithe fola ar bith ar fud na tíre agus déanfar a gcuid fola a bhailiú agus a úsáid mar chuid den soláthar náisiúnta fola. Cé go nglacfaidh sé tamall gach leas a bhaint as acmhainn iomlán na seirbhíse seo, tá 2.5% den soláthar náisiúnta fola á dheonú ag na deontóirí seo. Is tionscadal fadtéarmach é seo a bhfuil IBTS tiomanta dó. Is sampla iontach é den chineál ruda is féidir a bhaint amach nuair a bhíonn codanna difriúla den tseirbhís sláinte ag obair i dteannta a chéile chun éifeachtúlacht a chur chun cinn. Buntáiste eile atá ann ná go gcruthaíonn sé deonuithe breise fola ag an am céanna.

I nDeireadh Fómhair, bhain IBTS an beartas buan iarchurtha ó fhuil a dheonú a bhí ann do dhaoine a bhí ag cur fúthu sa Ríocht Aontaithe do thréimhse níos mó ná bliain amháin idir 1980 agus 1996. Bhí an t-iarchur sin i bhfeidhm ó 2002 i leith chun an baol don soláthar fola ón athraitheach ar ghalar Creutzfeldt-Jakob a bheith á scaipeadh a mhaolú.

Cuireadh isteach é mar chuid de shraith seifteanna le linn tréimhse a raibh cuid mhór éiginnteachta ann faoi na seifteanna ab éifeachtaí chun scaipeadh an ghalair seo tríd an soláthar fola a laghdú. Rinne ár Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch, an tOllamh Stephen Field, cruinniú speisialta a ghairm chun an fhianaise is nua-aimseartha a mheas, agus d'fhreastail saineolaithe údarásacha idirnáisiúnta sa réimse seo air. Cinneadh an t-iarchur a bhaint i ndiaidh an chruinnithe sin. Tá lúcháir ar an mbord fáilte a chur roimh dheontóirí, idir iardheontóirí agus deontóirí nua, nach raibh ábalta fuil a dheonú i rith na tréimhse fada seo den iarchur. Mar a cuireadh in iúl anuraidh, tá glactha ag an mbord leis an sainchúram reachtúil taighde atá air a leathnú ionas gur gníomhaíocht níos comhordaithe a bheidh ann agus, in 2019, chuireamar tús leis an bpróiseas chun na struchtúir chuí rialachais a bhunú, bainisteoir a earcú le maoirseacht a dhéanamh ar an bhfeidhm seo agus an comhoibriú le heagraíochtaí eolaíocha agus leighis eile a mhéadú. Tháinig an Leigheas Fuilaistrithe ar an bhfód go luath sa 20ú haois mar dhisciplín chun maoirseacht a dhéanamh ar na réimsí casta go léir a bhaineann le Baincéireacht Fola. Is sainréimse de chuid an Leighis Athghiniúnaigh an disciplín seo anois. Mar bhord, táimid tógtha faoi na deiseanna taighde a mbeimid in ann tacú leo chun eolas sa réimse seo a chur chun cinn agus le cultúr a chothú a spreagfaidh cláraitheoirí liachta agus eolaithe taighde smaoineamh ar ghairmeacha i réimse an leighis fhuilaistrithe.

Rinneadh dul chun cinn inár bpleananna chun ionad nua do dheontóirí a thógáil i gCorcaigh sa mhéid gur thángthas ar chomhaontú maidir le treoir dhearaidh anuraidh. Táimid ag tnúth go mór le bheith ag obair lenár gcomhghleacaithe in ospidéil Chorcaí, FSS agus sa Roinn Sláinte chun seirbhísí fuilaistrithe na Mumhan a bharrfheabhsú agus, ar deireadh, seirbhís náisiúnta níos éifeachtaí a sholáthar. Déanann an tiomantas seo chun an tseirbhís náisiúnta is fearr a sholáthar bainistíocht, foireann, agus bord IBTS a spreagadh agus a ghríosú inár gcuid oibre go léir, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil go pearsanta le mo chomhghleacaithe as a n-iarrachtaí leanúnacha in 2019.

**Linda Hickey**
Cathaoirleach

# Tuarascáil an Chathaoirligh

Tuarascáil Chathaoirleach Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann maidir leis an measúnú ar rialú inmheánach airgeadais Chomhlacht stáit sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019, i gcomhréir le hAguisín 2 den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

1. Aithním, mar Chathaoirleach, go bhfuil an Bord freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais atá ag an gComhlacht.
2. Ní féidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá ag IBTS ach cinnteacht réasúnta a chur ar fáil, gan a bheith iomlán, nach bhfuil earráid, míráiteas nó caillteanas ábhartha ann.
3. Deimhníonn an Bord go bhfuil próiseas leanúnach ann chun rioscaí suntasacha do IBTS a aithint, a mheasúnú agus a bhainistiú. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar an bpróiseas seo trí thuairiscí a fhaightear ón bPríomhfheidhmeannach.

   i. Tá an bhainistíocht freagrach as na rioscaí suntasacha a bhaineann lena gcuid réimsí gnó a shainaithint agus a mheas chomh maith le rialuithe oiriúnacha a leagan amach agus a oibriú. Déantar na rioscaí seo a mheas ar bhonn leanúnach agus d'fhéadfadh baint a bheith acu le foinsí éagsúla inmheánacha agus seachtracha lena n-áirítear cliseadh rialaithe, briseadh sna córais faisnéise, tubaiste nádúrtha agus ceanglais rialála.

   ii. Buaileann an bhainistíocht le chéile dhá uair sa mhí chun ceisteanna a bhaineann le hoibriúcháin agus rioscaí agus an chaoi a mbainistítear iad a phlé. Is é an ról atá ag an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin ina leith seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar son an Bhoird ar na príomhrioscaí a bhaineann le gnóthaí IBTS agus an córas gníomhartha atá riachtanach leis na rioscaí sin a bhainistiú, agus na torthaí atá faighte acu ar cheisteanna suntasacha a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach le go gcuirfear iad faoi bhráid an Bhoird.

   iii. Tugann an Príomhfheidhmeannach tuairisciú don Bhord thar ceann na bainistíochta feidhmiúcháin ar athruithe suntasacha ar obair IBTS agus ar an timpeallacht sheachtrach a théann i bhfeidhm ar rioscaí suntasacha. Nuair a shainaithnítear réimsí sa chóras ar gá feabhas a chur orthu, déanann an Bord na moltaí a dhéanann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin a mheas.

   iv. Déanann an Stiúrthóir Airgeadais eolas míosúil airgeadais a chur ar fáil don Choiste Airgeadais, ar fhochoiste den Bhord é, agus tá príomhtháscairí feidhmíochta mar chuid den eolas sin.

   v. Tá creat rialaithe cuí i bhfeidhm ina bhfuil nithe atá sainmhínithe go soiléir, agus na nithe sin forchoimeádta lena bhfaomhadh ag an mBord amháin nó faoi mar a dhéanann an Bord iad a tharmligean lena bhfaomhadh mar is cuí ag an bhFeidhmeannas. Tá bainistíocht IBTS ó lá go lá tarmligthe ag an mBord, agus tá teorainneacha cuí bunaithe acu le haghaidh údarú caiteachais don Fheidhmeannas. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as rialú inmheánach a chur i bhfeidhm, rialú inmheánach airgeadais san áireamh.

   vi. Úsáidtear na próisis atá leagtha amach thuas chun monatóireacht a dhéanamh go ginearálta ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais. Anuas air sin, déanann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta athbhreithniú ar réimsí faoi leith den rialú inmheánach mar chuid dá théarmaí tagartha.

Tá athbhreithniú sásúil déanta ag Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh thar ceann an Bhoird. Rinne an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta athbhreithniú foirmiúil ar na córais seo i dtaca le 2019 ag cruinniú dá chuid ar an 4 Feabhra 2020.

## Riachtanais Bhreise Tuairiscithe

### Comhlíonadh an Chóid Chleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá an Bord tiomanta do na forálacha cuí sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh, forálacha a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016.

Cuireadh cód iompraíochta gnó don Bhord agus d'fhostaithe i bhfeidhm. Tá an Bord tar éis glacadh le beartas mionsonraithe taistil agus cothaithe a chloíonn le gach gné de bheartas taistil an Rialtais.

Rinne Bord IBTS athbhreithniú ar thuairiscí ar rialúcháin inmheánacha i rith na bliana, in éineacht le hathbhreithniú rialta ar thuairiscí an Údaráis Rialála Táirgí Sláinte ar rialúcháin oibriúcháin agus chloí agus bainistíocht riosca. Leanfaidh an Bord d'athbhreithniú na dtuairiscí seo agus d'obair go dlúth leis an ÚRTS chun na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a chinntiú.

Chomhlíon IBTS na nósanna imeachta maidir le diúscairt sócmhainní, mar a leagtar amach sa 'Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.' Cloíonn IBTS leis na hoibleagáidí bainteacha go léir mar atá sainmhínithe faoi dhlí cánachais na hÉireann.

## Rialachas Corparáideach

Tá sé mar bheartas ag an mBord cloí leis na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde, i gcomhréir leis na beartais agus na cleachtais a nglactar leo go ginearálta.

Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte.

Tá lámhleabhar ag an mBord dá chomhaltaí. Rinne an Coiste Comhairleach Leighis athbhreithniú ar a théarmaí tagartha in 2019. Rinne an Bord na téarmaí tagartha athbhreithnithe a fhaomhadh.

## Oibriú an Bhoird

Tá dáréag comhaltaí ar an mBord, Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin a bhíonn ceaptha ag an Aire Sláinte san áireamh.

Tháinig an Bord le chéile 6 huaire le linn na bliana le haghaidh gnáthchruinnithe. Seo a leanas tinreamh chomhaltaí an Bhoird:

## Tinreamh an Bhoird 2019

| Comhalta Boird | Feabhra | Aibreán | Meitheamh | Meán Fómhair | Samhain | Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Linda Hickey | X | X | X | X | X | X |
| David Gray * | X | | X | X | X | X |
| Kate Williams | X | X | X | X | X | |
| Deirdre Cullivan | X | X | X | X | X | X |
| An Dochtúir Liz Kenny | X | X | X | X | X | X |
| An Dochtúir Satu Pastila | X | X | X | X | X | X |
| An Dochtúir Ronan Desmond | | X | | | X | X |
| Brian O'Mahony | X | X | X | X | X | |
| An Dochtúir Sarah Doyle | | X | | X | X | X |
| Simon Mills# | | | | | | |
| Yvonne Traynor## | X | X | X | | X | |
| John Malone | X | | X | X | X | X |
| Deirdre-Ann Barr* | | X | X | X | X | X |

* Ceaptha ar an 5 Márta 2019
\# Éirithe as ar an 28 Feabhra 2019
\# Éirithe as ar an 31 Nollaig 2019

Faigheann gach ball eolas cuí agus tráthúil le cur ar chumas an Bhoird a dhualgais a chur i gcrích. Faigheann an Bord comhairle chuí neamhspleách agus ghairmiúil de réir mar is gá. Cloítear le treoirlínte ar íocaíocht táillí agus costas le comhaltaí an Bhoird.

## Comhaltaí an Bhoird

Linda Hickey (Cathaoirleach)
Brian O'Mahony
Kate Williams Uasal
An Dochtúir Elizabeth Kenny
An Dochtúir Ronan Desmond
Deirdre Cullivan
An Dochtúir Yvonne Traynor*
John Malone
An Dochtúir Satu Pastila
An Dochtúir Sarah Doyle
Simon Mills**
Deirdre-Ann Barr***
David Gray***

*Éirithe as le héifeacht ón 31 Nollaig 2019
**Éirithe as le héifeacht ón 28 Feabhra 2019
***Ceaptha ar an 5 Márta 2019

| | An Bord | An Coiste Comhairleach Leighis | An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta | An Coiste Airgeadais | An Coiste Forbartha Feidhmíochta | Táillí an Bhoird 2019 € | Costais 2019 € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon Cruinnithe** | **6** | **7** | **5** | **5** | **4** | | |
| L Hickey (Cathaoirleach) | 6 | - | - | - | 4 | 20,520 | 1,432 |
| B. O'Mahony | 5 | - | - | - | - | - | - |
| An Dochtúir E Kenny | 6 | 7 | - | - | - | - | 1,110 |
| K Williams | 5 | - | - | 5 | - | 11,970 | - |
| An Dochtúir R Desmond | 3 | 5 | - | - | - | - | - |
| D Cullivan | 6 | - | - | 5 | 4 | 11,970 | 1,718 |
| An Dochtúir Y Traynor* | 4 | - | 4 | - | - | 11,970 | - |
| J Malone** | 5 | - | 2 | 3 | - | 11,970 | - |
| S Mills*** | - | - | - | - | - | 2,716 | - |
| An Dochtúir S Pastila | 6 | 6 | - | - | - | 11,970 | 5,250 |
| An Dochtúir S Doyle | 4 | 7 | - | - | - | - | - |
| DW Gray**** | 5 | - | 3 | - | - | 9,126 | 1,745 |
| DA Barr**** | 5 | - | 2 | - | - | 9,162 | - |
| | | | | | | **101,374** | **11,255** |

* Cuireadh deireadh le Téarma an Bhoird ar an 31 Bealtaine 2019
** Aistríodh J. Malone ón gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta chuig an gCoiste Airgeadais ó Bhealtaine 2019 ar aghaidh
*** Cuireadh deireadh le Téarma an Bhoird ar an 28 Feabhra 2019
**** Cuireadh tús le Téarma an Bhoird ar an 5 Meitheamh 2019

Bhí ceathrar comhaltaí Boird ann nach bhfuair táille Boird faoin bprionsabal Duine Amháin, Tuarastal Amháin.

B'ionann €11,255 agus costais chomhaltaí an Bhoird in 2019: €3,374 ar mhíleáiste, €1,485 ar chothú agus €6,396 ar chostais eile a bhain le taisteal agus costais dheimhnithe bhia.

## An Cód um Chaiteachas Poiblí

Tá an Bord tiomanta cloí leis na forálacha leagtha síos sa Chóid Caiteachais Poiblí agus i gCiorcláin 02/2016 – socruithe a bhaineann le caiteachas Digiteach agus TFC sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí.

Tá a modheolaíocht fhoirmiúil féin forbartha ag IBTS ó thaobh bainistíochta tionscadail de, atá inchurtha lena hoiriúint, ag brath ar mhéid an tionscadail atá i gceist.

Tá struchtúr coiste ceaptha ag an mBord le cabhrú le cur i gcrích éifeachtach a fhreagrachtaí.

## An Coiste Feidhmíochta agus Forbartha

Tá fochoiste bunaithe ag an mBord le déileáil go sonrach le ceisteanna a bhaineann le feidhmíocht agus forbairt an Phríomhfheidhmeannaigh, agus na foirne sinsearaí bainistíochta. Cloíonn an Bord le beartas an Rialtais maidir le pá don Phríomhfheidhmeannach agus do na fostaithe. Cloíonn an Bord chomh maith le treoirlínte maidir le híocaíocht táillí stiúrthóra. Ba é €165,828 tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh in 2019. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Feidhmíochta agus Forbartha in 2019.

## An Coiste Comhairleach Leighis

Tá comhaltaí an Bhoird a bhfuil cáilíocht leighis acu, chomh maith le baill foirne IBTS a thugann comhairliúchán leighis, ar an gCoiste Comhairleach Leighis. Bhí 7 gcruinniú acu in 2019. An fheidhm atá ag an gcoiste ná monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann le réimse an leighis fhuilaistrithe agus réimsí gaolmhara, an Bord a chur ar an eolas faoi fhorbairtí mar sin agus comhairle a cur ar an mBord faoi ghníomhaíochtaí ar chóir iad a ghlacadh.

## An Coiste Airgeadais

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile cúig uaire le linn na bliana, agus tá triúr comhaltaí den Bhord páirteach ann. Bíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Cuntasóir Bainistíochta páirteach ann chomh maith. Tá cead ag an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna ar bith a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Déanann sé athbhreithniú ar na buiséid bhliantúla chaipitiúla agus oibriúcháin, iniúchtaí seachtracha a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, cuntais airgeadais agus bhainistíochta, ETFanna (KPIs) airgeadais, caiteachas caipitiúil, caipiteal oibre agus sreabhadh airgid. Déanann sé athbhreithniú chomh maith ar phleanáil ghnó, cleachtais chostála, soláthar, socruithe árachais, conarthaí, baincéireacht, socruithe airgeadais agus polasaí státchiste. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord ar thuairiscí bainistíochta agus airgeadais, agus cuireann sé comhairle ar fáil ar chinnteoireacht bhainteach. Oibríonn an Coiste Airgeadais faoi théarmaí foirmiúla tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

## Tinreamh an MAC in 2019

| Ainm | Feabhra | Márta | Aibreán | Meitheamh | Meán Fómhair | Samhain | Nollaig | 7 gCruinniú san Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E Kenny | Y | Y (nasc fuaime) | Y | Y | Y | Y | Y | 7 |
| R Desmond | X | Y | Y | X | Y | Y | Y | 5 |
| S Pastila | Y | X | Y | Y | Y (nasc fuaime) | Y | Y | 6 |
| Sarah Doyle | Y | Y | Y | Y | Y (nasc fuaime) | Y | Y | 7 |
| B O'Mahony ** | Y | Y | Y | Y | X | Y | Y | 6 |
| S Field | Y | Y | Y | Y | Y | Y | Y | 7 |
| D Ó Donghaile | Y | X | Y | Y | Y | Y | x | 5 |
| L Pomeroy | Y | Y | Y | X | X | X | Y | 4 |
| E McSweeney | Y | Y | Y | Y | Y | Y | Y | 7 |
| J Power *** | Y | Y | Y | Y | Y | X | X | 5/7 |
| I Hann **** | X | X | X | X | X | Y | Y | 2/2 |
| N O'Flaherty | Y | Y | Y | Y | Y | Y | Y | 7 |
| N O'Connell | Y | X | Y | Y | Y | X | Y | 6 |
| C DeGascun | X | Y | X | Y | Y | X | Y | 4 |
| K Morris * | _ | _ | _ | _ | _ | Y | Y | 2/2 |

* Thosaigh K Morris le IBTS i Samhain 2019
** Bíonn Brian O'Mahony ag freastal ar chruinnithe de chuid an MAC ach níl sé ina chomhalta iomlán den MAC
*** Oibríonn Joan Power 50% go páirtaimseartha in FSS agus 50% go páirtaimseartha in IBTS faoi láthair
**** Oibríonn Ian Hann 50% d'uaireanta oibre Joan Power in IBTS

| Tinreamh Choiste Airgeadais | Eanáir | Bealtaine | Lúnasa | Meán Fómhair | Samhain |
|---|---|---|---|---|---|
| Kate Williams | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Deirdre Cullivan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| John Malone | X | ✓ | ✓ | X | ✓ |

## An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta

Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta i rith na bliana, agus tá triúr comhaltaí den Bhord ar an gcoiste, chomh maith le beirt chomhaltaí neamhspleácha sheachtracha. Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch, an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir Oibríochtaí, an Stiúrthóir Cáilíochta agus Comhlíonta, an t-Iniúchóir Inmheánach, an Bainisteoir Riosca agus Dianseasmhachta ar an gcoiste agus bíonn an Cuntasóir Cúnta ag feidhmiú mar Rúnaí don Choiste. Tá cead ag an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna ar bith a bhaineann le cúrsaí airgeadais, rialála nó comhlíonta an Bhoird. Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla, ar thuairiscí an Iniúchóra Inmheánaigh, tuairiscí cáilíochta inmheánacha agus ón HPRA, na beartais chuntasaíochta, comhlíonadh na gcaighdeán cuntasaíochta agus ar impleachtaí cuntasaíochta a bhaineann le hidirbhearta móra. Buaileann na hiniúchóirí seachtracha leis an gCoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an iniúchta bhliantúil ar ráitis airgeadais reachtúla an Bhoird. Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta faoi théarmaí foirmeálta tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú orthu go rialta.

## Gnóthas Leantach

I ndiaidh dóibh fiosruithe réasúnta a dhéanamh, tá súil réasúnach ag Comhaltaí an Bhoird go bhfuil dóthain acmhainní ag IBTS leanúint de bheith ag feidhmiú sa neastodhchaí. Ar an ábhar sin, glacann siad i gcónaí le coincheap an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. I bhfianaise easnamh pinsin €92.258 milliún a bheith ann, agus de bharr go bhféadfadh tuilleadh athruithe teacht ar luach shócmhainní agus dhliteanais na scéime pinsin i ndiaidh dháta an tuairiscithe, chuir an Bord – le linn coincheap an ghnóthais leantaigh a mheas ó thaobh é a bheith oiriúnach don tsraith Ráiteas Airgeadais seo – luachálacha go léir an chiste pinsin agus sreafaí airgid san áireamh don dá mhí dhéag ó dháta faofa na ráiteas airgeadais, agus tá an Bord den bharúil go mbeidh sé in ann a gcuid dliteanas go léir a chomhlíonadh, lena n-áirítear scéim pinsin IBTS a mhaoiniú, nuair a bheidh siad dlite. Sna cúinsí sin, tá an Bord den tuairim go bhfuil coincheap an ghnóthais leantaigh oiriúnach leis an tsraith seo de Ráitis Airgeadais a ullmhú.

| Tinreamh an Choiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Cloí | Feabhra | Aibreán | Meitheamh | Meán Fómhair | Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|
| An Dochtúir Yvonne Traynor | X | X | X | X | |
| David Gray | | | X | X | X |
| Deirdre Ann Barr | | | X | | X |

## An Clár Rioscaí

Déanann an clár rioscaí cineálacha éagsúla rioscaí a shainaithint, lena n-áirítear rioscaí straitéise, clú, cliniciúla, TF, airgeadais agus oibríochta don eagraíocht agus, dá dtarlódh an riosca, na gníomhartha a mbeadh gá leo chun an tionchar a bheadh ar an eagraíocht a mhaolú. Tá sé de fhreagracht ar an mBainisteoir Riosca agus Dianseasmhachta maoirseacht a dhéanamh ar an gclár rioscaí agus ar shocruithe teagmhais. Rinneadh sraith rioscaí dosheachanta a shainaithint fosta a ndéanann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta agus an Bord monatóireacht orthu go rialta. Faoi láthair, déanann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin an clár rioscaí a athbhreithniú agus a nuashonrú.

Mar gheall ar an monatóireacht seo, cinntítear gur rioscaí agus rialuithe reatha atá sna rioscaí sainaitheanta agus go ndéantar rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus go gcuirtear bearta rialaithe i bhfeidhm ina leith.

## Rialú Inmheánach

Tá an Bord freagrach as rialuithe inmheánacha in IBTS agus as a n-éifeachtacht a athbhreithniú. Cuimsíonn córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhoird na rialuithe sin a bunaíodh d'fhonn urrús réasúnach a thabhairt maidir le:

- Cosaint sócmhainní ar úsáid nó diúscairt gan údarás; agus
- taifid chuí chuntasaíochta a bheith á gcoinneáil agus eolas iontaofa airgeadais a bheith á úsáid san eagraíocht.

Seo a leanas na príomhghnéithe den chóras atá ag an mBord le haghaidh rialú inmheánach airgeadais:

- Córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais
- Ullmhaítear Buiséad Bliantúil agus cuirtear é faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Bhoird
- Monatóireacht mhíosúil ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid ag an gCoiste Airgeadais agus ag an mBord
- Faomhadh sealbhóirí buiséid do bhuiséid ar leith
- Athbhreithniú buiséid le sealbhóirí buiséid
- Struchtúr airgeadais atá sainmhínithe go soiléir
- Leithscaradh cuí dualgas
- Teorainneacha soiléire údaraithe ceadaithe ag an gCoiste Airgeadais le haghaidh caiteachas caipitiúil agus athfhillteach
- Príomhphróisis airgeadais á ndoiciméadú go hiomlán i nósanna imeachta scríofa
- Stocáireamh agus réitigh rialta á ndéanamh ag foireann atá neamhspleách ar fhoireann stórais
- Seiceáil fíorúcháin agus rialú focail faire sa chóras airgeadais
- Réiteach eisiúintí táirgí le cinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí uile an Bhoird billeáilte go hiomlán
- Monatóireacht rialta ar an bhfeidhm rialaithe creidmheasa
- Síniú orduithe ceannaigh ag Oifigeach Ceannaigh nó ionadaí údaraithe
- Nithe stoic á bhforéileamh trí ordú uathoibríoch
- Síniú agus códú gach sonraisc nach mbaineann le stoc ag bainisteoirí buiséid nó ag a n-ionadaithe údaraithe
- Gach sonrasc stoic á mheaitseáil go neamhspleách le NEI (GRN) agus ordú ceannaigh an stórais
- Seiceáil fhíoraithe íocaíochta shonraisc na soláthraithe ag baill foirne atá neamhspleách ar an bhfoireann íocaíochta cuntas

Is eol don Bhord gur dearadh an córas rialaithe inmheánaigh chun an riosca nach mbainfear na cuspóirí gnó amach a bhainistiú, seachas an riosca sin a dhíothú. Ní féidir leis an rialú inmheánach ach urrús réasúnach a thabhairt, agus ní urrús iomlán, nach mbeidh míráiteas nó caillteanas ábhartha ann.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 faoi FRS102.

## Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Ceanglaítear ar an mBord de réir an Ordaithe um an mBord Seirbhíse Fuilaistriúcháin (Bunú), 1965, ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, i gcomhréir le dlí na hÉireann agus na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, a thugann léargas fíor cothrom ar staid chúrsaí Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann agus ar ioncam agus caiteachas na seirbhíse don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar an mBord:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Imeacht ábhartha ar bith ó chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann de bheith ag oibriú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil ina nochtar go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus le cur ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis an Ordú. Anuas air sin, tá sé freagrach as sócmhainní Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a chosaint, agus bearta réasúnta a dhéanamh dá réir chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## Soláthar

Comhlíonann IBTS na rialacha agus treoirlínte reatha soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

## Nochtuithe Cosanta

Cloíonn IBTS leis na riachtanais faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014, agus deimhníonn sé go bhfuil nósanna imeachta ann le nochtadh cosanta a dhéanamh de réir Alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014. Ní dhearnadh aon nochtuithe cosanta in 2019.

## Forbairtí atá suntasach ó thaobh tráchtála de

**HistoTrac**
Córas bainistíochta faisnéise saotharlainne is ea HistoTrac arna dhearadh go sonrach le húsáid i saotharlanna Histea-chomhoiriúnachta agus Imdhíonghéineolaíochta áit a ndéantar tástáil do thrasphlandú Gaschille Fuilghinte agus/nó trasphlandú Orgáin Sholadaigh. Tá pacáiste lárnach sa chóras chomh maith le modúil ar féidir a chur leis ag brath ar na seirbhísí tástála a chuirtear ar fáil sa tsaotharlann. Ar na príomhghnéithe feidhme atá ag HistoTrac tá sealbhú samplála chuig tuairisciú tástála, bunachar sonraí den chuntas tástála d'othair agus do dheontóirí, comhaid bhilleála a chruthú, ualach oibre a bhainistiú agus tástálacha a rianú. Tá HistoTrac curtha i gcomhéadan leis na bogearraí anailíse do gach ceann de na feidhmchláir sa tSaotharlann Tagartha Náisiúnta Histea-chomhoiriúnachta agus Imdhíonghéineolaíochtine (NHIRL); áirítear orthu sin antashubstaint HLA (antaigin histea-chomhoiriúnachta), tíopáil HLA bunaithe ar sheicheamh, tíopáil HLA seicheamh sonrach (HLA sequence-specific oligonucleotide probe typing), agus ionstraimiú cainníochtaithe DNA. Cuireadh feidhmiú an chórais i gcrích in 2019.

**Crua-earraí eProgesa**
Shocraigh IBTS uasghrádú a dhéanamh ar fhreastalaithe óstacha IBM na seirbhíse, a dhéanann feidhmchláir MAK go léir a óstáil amhail eProgesa, eTraceline, TCS agus eRiskline. An cuspóir a bhain leis an uasghrádú seo ná an acmhainn a bheith ann an t-uasghrádú a bhí beartaithe a dhéanamh ar eProgesa a óstáil chun paiste seimeastair SQ 2017 a ghlacadh ó MAK.

B'éigean dhá fhreastalaí óstacha a shuiteáil san Ionad Náisiúnta Fola in ionad na sé fhreastalaí óstacha IBM a bhí ann cheana, agus aon fhreastalaí óstach a shuiteáil i suíomh DR IBTS in ionad an fhreastalaí óstaigh a bhí ann cheana. B'éigean dhá Chonsól Bainistíochta Crua-earraí (HMC) a shuiteáil chun na freastalaithe a bhainistiú, ceann amháin i ngach ceann den dá shuíomh. Rinneadh an t-ascnamhh ó na hóstaigh Power7 a bhí ann cheana chuig óstaigh nua Power 9 gan an iomarca tionchair ar úsáideoirí deiridh, ach nuair a cuireadh isteach orthu, rinneadh sin a íoslaghdú.

**Linda Hickey**
Cathaoirleach


8 ml
Surname
First Name
2014-08
1431083
Pat.No.
DOB
1430813



# Tuarascáil an Phríomhfheidh-meannaigh

Táim ag scríobh m'athbhreithniú deireanach go luath in 2020 i lár tréimhse ina bhfuil athruithe an-mhór ag teacht i bhfeidhm ar an domhan: táimid ag plé le paindéim de thoradh ar choróinvíreas nua ar a dtugtar COVID – 19. Agus mé ag scríobh tá breis agus 58,000 éagtha mar gheall ar an víreas. Tá an domhan curtha bunoscionn ag an víreas agus caithfidh cuid mhór de dhaonra an domhain fanacht sa mbaile. Tá geilleagar an Domhain stoptha a bheag nó a mhór agus tá tionchar iontach mór á imirt ag an víreas ar shaol pearsanta daoine, ar dhóigh atá tromchúiseach i gcuid mhór tíortha. Tá an Domhan agus an tsochaí athraithe go brách ag an víreas.

Is mian liom obair chrua, tiomantas agus dúthracht bhaill foirne IBTS go léir a mholadh i gcúinsí thar a bheith crua, ní hamháin san obair ach ag an leibhéal pearsanta chomh maith.

Is é an t-údar imní is mó atá ann nach féidir le duine ar bith a rá linn cén uair a bheidh sé seo thart.

I dtús 2019, bhí an dialóg ar fad bunaithe ar an mBreatimeacht agus cén dóigh a raibh an tír agus IBTS chun plé leis an bhféidearthacht go mbeadh imeacht gan chomhaontú ann.

Rinne IBTS an-chuid pleanála agus ghlac sí bearta cuí chun an tionchar a mhaolú dá mbeadh Breatimeacht gan comhaontú ann. Rinneadh na bearta sin a chaomhnú agus is mór an cuidiú iad agus muid ag plé le COVID – 19 agus leis an bpaindéim.

Bhí an úsáid chuí as grúpa fola O diúltach ar cheann de na nithe a ndearna mé trácht orthu i dTuarascálacha Bliantúla eile roimhe seo. Le linn na bliana bhí cruinniú thar a bheith fiúntach ar fad le hionadaithe ón 'Academy of Clinical Science & Laboratory Medicine' (ACSML: Acadamh na hEolaíochta Cliniciúla agus na Míochaine Saotharlainne) faoin dóigh ar féidir linn tionchar a imirt i dteannta a chéile ar bhainistíocht an fhuilghrúpa seo. Rinneamar plé ar shuirbhé a dhéanamh leis na sonraí a bheidh ag teastáil a bhailiú. Socraíodh, áfach, i bhfianaise na hoibre atá á déanamh ag an nGrúpa Comhairleach Náisiúnta Fuilaistrithe, a bhfuil an Dochtúir Joan Power i gceannas air, gan an suirbhé a chur chun cinn san am atá i láthair.

Beidh ról mór ag an nGrúpa seo an cleachtas maidir le fuilaistriú sna hospidéil a athrú.
Tharla ceann de na hathruithe is mó sna critéir a bhaineann le hiarchur dheontóirí in 2019. Bhain IBTS an toirmeasc a bhí ar dhaoine a chaith níos mó ná bliain amháin sa Ríocht Aontaithe idir 1980 agus 1996 fuil a dheonú de dheasca riosca scaipthe vCJD (athraitheach ar ghalar Creutzfeldt-Jakob) a bheith ann. Bhíodh an t-ábhar sin thar a bheith casta i measc ár ndeontóirí. Ba é an tOllamh Stephen Field, Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch, a bhí i gceannas ar an tionscadal seo, agus a d'eagraigh ceardlann le saineolaithe idirnáisiúnta agus náisiúnta chun an chomhairle ab fhearr a chur ar fáil maidir leis an toirmeasc a chur ar ceal nó a

chaomhnú. Táim cinnte go ndéanfaidh an tOllamh Field é seo a phlé ina thuairisc féin.
Tá Sláinte agus Sábháilteacht ár mballl foirne iontach tábhachtach agus le blianta anuas tá iarracht á déanamh ag IBTS ár gcuid iompraíochtaí a athrú ionas go dtiocfaidh feabhas dá bharr ar chleachtas a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht. In 2019 shocraíomar ar sprioc laghdú 30% a bhaint amach i dtaismí intuairiscithe sláinte agus sábháilteachta. Tháinig an Bainisteoir Sláinte agus Sábháilteachta Comhshaoil ar smaoineamh leis an sprioc sin a bhaint amach: clár dar teideal Good Catch / Bad Catch (Ceapadh Maith / Ceapadh Olc). D'éirigh go han-mhaith ar fad leis agus bhí glacadh ar dóigh leis i measc na mball foirne, le laghdú 50% i dtaismí intuairiscithe sláinte agus sábháilteachta dá bharr. Éacht an-mhór a bhí ann agus rud iontach dearfach atá ann ar féidir tógáil air.

Cuid bhunúsach d'fhorais fola is ea an Bhainistíocht Riosca agus in 2019 chuir an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta athbhreithniú mionsonraithe ar na deich riosca is coitianta i gcrích. Rinneadh sin le maoirseacht rialachais a chur i bhfeidhm ar an athbhreithniú reatha a bhí á chur i gcrích ag an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin. Chomh maith leis sin, chuireamar gníomh deisce i gcrích dár bPlean Leanúnachais Gnó, ag tógáil ar na gníomhartha a cuireadh i gcrích roimhe sin. Ar an ócáid sin, bhaineamar úsáid as "Imreoirí Róil" a d'úsáid scripteanna réamhullmhaithe nach raibh feicthe ag Foireann Bainistíochta an Phlean Leanúnachais Gnó agus iad ag cur leis an ngníomh. Chuir an chuid sin go mór leis an ócáid agus bhí ní ba mhó den réalachas sa ghníomh dá bharr. Foghlaimíodh ceachtanna ar baineadh leas astu le feabhas a chur ar an bPlean Leanúnachais Gnó.

In 2017, sheol IBTS Straitéis Foghlama agus Forbartha, a dearadh chun tacú leis an straitéis ghnó agus chun cultúr a chur i bhfeidhm go daingean san eagraíocht ina dtugtar tús áite don cheannasaíocht agus don fheabhas leanúnach. I nDeireadh Fómhair 2019, sheolamar ár gclár iLEAD, a dearadh i gcomhar le Scoil Ghnó Kemmy, Ollscoil Luimnigh. Tá trí leibhéal ag an gcúrsa, agus tá sé de chumas ag an gcúrsa cultúr IBTS a athrú trí cheannairí a fhorbairt ar fud na hEagraíochta a dhéanfaidh athruithe agus nuálaíocht a chur chun cinn. Comhghairdeas le Foireann Foghlama agus Forbartha na nAcmhainní Daonna, go háirithe Idelle Hawkins, an Bainisteoir Foghlama agus Forbartha, agus an Dochtúir Nuala Ryan ó Scoil Ghnó Kemmy, a raibh an-tábhacht ar fad ag baint lena gcuid taighde sa réimse seo d'ábhar an chláir seo.
Bíonn IBTS ag iarraidh feasacht an phobail a ardú i gcónaí faoin deonú fola in earnálacha éagsúla den gheilleagar agus den tsochaí. Bhí seans ag IBTS é sin a dhéanamh i rith na bliana nuair a bhí deis aige cur isteach ar chreidiúnú a fháil mar 'All-Ireland Business All-Star' (Réalta Ghnó Uile-Éireann). Is iad na trí ghné lárnacha a bhaineann le creidiúnú Réalta Ghnó Uile-Éireann a fháili ná (i) Feidhmíocht (ii) Muinín agus (iii) a bheith Dírithe ar Chustaiméirí. Tá roinnt céimeanna i gceist sa phróiseas clárúcháin. Tá nasc lárnach idir na gnéithe sin agus gnéithe dár Straitéis Foghlama agus Forbartha. Bhí ceistneoir mionsonraithe le líonadh isteach inar iarradh teistiméireachtaí ó chustaiméirí agus soláthraithe. Nuair a rinneadh ár n-iarratas a mheas, d'éirigh le IBTS Creidiúnú Réalta Gnó a bhaint amach. Ciallaíonn sé sin go mbeidh IBTS ina ball de TRIBE (The Register of Irish Business Excellence/Clár na hÉireann um Fheabhas Gnó) AIBF as seo amach. Tugann an t-éacht sin aitheantas don tionchar atá á imirt ag an Straitéis Foghlama agus Forbartha ar an tslí a bhfuil muinín cothaithe arís againn i measc ár bpríomhpháirtithe leasmhara agus an bhéim a leagaimid ar chustaiméirí.

In 2019, tharla athruithe móra san Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin nuair a chuaigh Stiúrthóir na nAcmhainní Daonna ar scor agus nuair a d'éirigh an Stiúrthóir Cáilíochta agus Comhlíonta as a ról. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Nessan Rickard as an tseirbhís dhíograiseach thiomanta a chur sé isteach le IBTS le blianta fada, agus le Craig Spalding a chuir go mór leis an treo a rachaidh Feidhm na Cáilíochta amach anseo taobh istigh den tréimhse ghearr a chaith sé linn. Cuirim fáilte roimh Idelle Hawkins mar Stiúrthóir na nAcmhainní Daonna agus le Karen Byrne mar Stiúrthóir Cáilíochta agus Comhlíonta ina n-ionad sin, agus guím gach rath orthu sna róil úra atá acu. Faoi dheireadh na bliana ceapadh mo chomharba. Ceapadh Orla O'Brien ina POF Ainmnithe, agus rachaidh sí i mbun gnó i Meitheamh 2020. Guím gach rath uirthi sa phost. Tá a fhios agam go bhfuil an-chuid taithí aici a rachaidh chun leasa di sa ról.

Seirbhís ríthábhachtach sa chóras sláinte is ea IBTS a ndéantar dearmad uirthi uaireanta. Mura mbeadh fuil, pláitíní nó fíocháin ar fáil go réidh éasca, ní fhéadfaí cuid mhór den leigheas nua-aimseartha a chur i gcrích. Tá an t-othar i gcroílár gach rud a dhéanaimid agus déanann na baill foirne iarracht ar leith le cinntiú go ndéanaimid táirgí a sholáthar agus iad chomh sábháilte agus is féidir linn iad a dhéanamh. Pribhléid an-mhór a bhí ann a bheith i mo POF ar IBTS agus is féidir le muintir na hÉireann bród a bheith orthu, agus an ceart acu, as na seirbhísí atá á gcur ar fáil againn. Gabhaim buíochas ó chroí leis an mBord a thug an-tacaíocht dom agus a bhí fial agus iad ag cur comhairle orm, leis na baill foirne a thaispeáin go raibh siad toilteanach athruithe agus leasuithe a dhéanamh i dtimpeallacht a bhí ag síorathrú as an dúthracht agus tiomantas a léirigh siad, agus sa deireadh le mo comhghleacaithe san Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin as a gcuid dianoibre, gairmiúlachta, tacaíochta agus comrádaíochta le hocht mbliana déag anuas. Tá a fhios agam go dtiocfaidh fás ar an eagraíocht i rith an ama mar gheall ar chomh toilteanach agus díograiseach atá gach duine a bheith ag foghlaim, a bheith chomh maith agus is féidir libh a bheith, agus táirge agus seirbhís den cháilíocht atá tuillte ag othair agus deontóirí a chur ar fáil dóibh. Scaradh lán mothúchán a bheidh ann agus cé nach mbraithfidh mé uaim an obair, aireoidh mé uaim mo chomhghleacaithe agus na daoine a bhfuil cairdeas déanta agam leo i gcaitheamh na mblianta.

**Andrew Kelly**
Príomhfheidhmeannach



# Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis agus Eolaíoch

Maidir leis na bearta a cuireadh i bhfeidhm in 2002 d'fhonn na héifeachtaí a bhaineann leis an athraitheach ar ghalar Creutzfeldt-Jakob (vCJD) a bheith á scaipeadh a mhaolú, rinneadh athbhreithniú mór ar na bearta sin le linn na bliana. Nuair a cuireadh na bearta sin i bhfeidhm, bhí ceithre chás a tuairiscíodh inar scaipeadh vCJD sa Ríocht Aontaithe a tharla mar gheall ar dheonuithe a rinne triúr, agus fuarthas amach ina dhiaidh go raibh an galar orthu. Cuireadh beart i bhfeidhm sa bhliain 1999 scagachán a úsáid chun fuilchealla a bhaint as gach comhpháirt fola (Leoic-ídiú), agus is dealraitheach gur éirigh leis an mbeart sin scaipeadh vCJD a chosc ós rud é nár tuairiscíodh cásanna ar bith ó cuireadh an idirghabháil sin i bhfeidhm. Tharla cruinniú den Choiste Comhairleach Leighis ar an 29 Aibreán 2019 le hathbhreithniú a dhéanamh ar an taighde, agus thug saineolaithe ó réimsí na néareolaíochta, an fhuilaistrithe agus na tréidliachta a fuair cuireadh freastal ar an gcruinniú cúnamh don choiste.

I ndiaidh dóibh an taighde a cuireadh i láthair ag an gcruinniú speisialta a mheas, thángthas ar na cinntí seo a leanas i ndiaidh don Choiste Comhairliúcháin Leighis an t-ábhar a phlé:

- Maidir leis an iarchur a bhfuil ann faoi láthair do dhaoine a raibh cónaí orthu sa Ríocht Aontaithe, Tuaisceart Éireann agus Oileáin Mhuir nIocht san áireamh, ar feadh tréimhse carnach de bhliain amháin nó níos mó idir an 1 Eanáir 1980 agus an 31 Nollaig 1996, nach mbeadh an t-iarchur sin i bhfeidhm feasta agus mbeadh deontóirí i dteideal fuil a dheonú.
- Maidir leis na gnáthaimh mháinliachta arbh é an toradh a bhí orthu gurbh éigean deontóirí a iarchur, rinneadh iad sin a laghdú sa dóigh is nach bhfuil i gceist anois ach gnáthaimh a bhaineann leis an inchinn agus bearnaí i gcorda an dromlaigh. Measadh gnáthaimh a bhaineann le cúl na súile a bheith mar chuid den inchinn chun na críocha seo.
- Measadh gur féidir plasma Éireannach a fuarthas ó lánfhuil a úsáid chun críocha teiripe (Plasma Úr Reoite FFP).
- Measadh gur chóir do Thaisce Súl na hÉireann tús a chur arís le coirní a bhailiú ó dheontóirí éagtha Éireannacha. Déantar coirní le haghaidh trasphlandaithe a iompórtáil ó Denver sna Stáit Aontaithe faoi láthair
- Gur chóir an t-iarchur a bhaineann le cóireáil cuas fréimhe sa Ríocht Aontaithe a chealú agus gur chóir deontóirí ar cuireadh an chóireáil sin orthu a bheith i dteideal deonú a dhéanamh.
- Gur féidir na fíocháin a bailíodh sa Ríocht Aontaithe (go háirithe comhlaí croí ó Thuaisceart Éireann) a chomhlíonann Treoracha de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a úsáid i bPoblacht na hÉireann.

Tá fás ag teacht ar líon na n-imirceach atá mar chuid de dhaonra na hÉireann a bhfuil ainéime chorráncheallach spléach ar fhuilaistriú ar chuid acu. Ós rud é go bhfuil feinitíopa difriúil Rhesus (R0) ón tíopa a fheictear go ginearálta i ndeontóirí Éireannacha (R1), tá méadú tagtha ar an ráchairt ar fhuil Rhesus-diúltach. D'fhonn ráchairt na n-othar R0 a shásamh, bheadh sé inmhianaithe deontóirí a earcú ón bpobal Gorm. Tá cuid mhór den phobal seo a bhí nochta do mhaláire, áfach, agus d'fhéadfadh sin a tharchur san fhuil. Cuirfidh IBTS tús le tástáil a dhéanamh le haghaidh antasubstaintí maláire le linn 2020. Beifear in ann, mar gheall ar an idirghabháil sin, an tréimhse ama a ndéantar daoine a iarchur a laghdú ar theacht ar ais ó shaoire nó turas gnó dóibh i dtíortha a bhfuil riosca eindéimeach maláire iontu.

Faoi mar a tuairiscíodh anuraidh, bhí IBTS ag tabhairt faoi shaotharlann tástála séireolaíochta víreolaíochta na seirbhíse a nuachóiriú agus glúin nua de threalamh uathoibrithe a chur isteach. Tá IBTS ag baint úsáide i gcónaí as na hardáin tástála is úire chun aicídí atá inaistrithe san fhuilaistriú a bhrath. Cinntíonn sé sin, chomh maith le scagthástáil chuí le haghaidh cáilitheacht deontóirí a dhéanamh, go mbíonn an soláthar fola in Éirinn sábháilte i rith an ama.

Rinneadh post comhairleach nua, Comhairleoir Ceannasaithe Cliniciúil na Seirbhísí Fuilaistrithe, a cheapadh i gcomhar le FSS le linn 2019. Déanfaidh an lia comhairleach seo Grúpa Comhairleach Náisiúnta ar Fhuilaistriú (NTAG) a bhunú, agus beidh sé mar fheidhm ag an ngrúpa treoirlínte cliniciúla a sholáthar ar mhíochaine an fhuilaistrithe d'ospidéil na hÉireann. Beidh gach leibhéal de chleachtóirí fuilaistrithe páirteach i ngach plé a dhéanfaidh an NTAG, agus mar gheall air sin beidh na treoirlínte a ghlacfaidh an grúpa náisiúnta sa chiall is leithne den fhocal.

**An tOllamh Stephen Field**
**MA, MMed(Haem) FCPath (SA)**
Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch
Haemaiteolaí Comhairleach

# Oibríochtaí





# Seirbhísí do Dheontóirí

## #Feachtas EveryOneCounts

Reáchtáil IBTS an feachtas a bhfuil duaiseanna buaite aige, EveryOneCounts, arís in 2019 don tríú bliain as a chéile. An bhéim a bhí ar an bhfeachtas arís i mbliana ná díriú ar dheontóirí a mhealladh. Cuireadh béim freisin ar scéal an fhaighteora. Chuaigh an feachtas i dteagmháil le deontóirí ar gach pointe tábhachtach cumarsáide agus teagmhála, agus é mar chuspóir againn oiliúint a chur ar dheontóirí, agus iad a spreagradh a bhfeasacht a chur i ngnímh i rith na bliana. Baintear leas san fheachtas margaíochta seo as fíorscéalta deontóirí a léirítear ar na meáin dhigiteacha agus shóisialta; Facebook, Twitter, fógraíocht ar líne, YouTube, tionchairí sóisialta ábhartha, fógraí raidió náisiúnta agus idirnáisiúnta, chomh maith le fógraíocht i riocht nuachta ar TheJournal.ie, Pundit Arena, Físeán ar Éileamh agus fógraíocht náisiúnta teilifíse.

San fhógraíocht teilifíse agus Físeán ar Éileamh, feictear triúr de na chéad deontóirí as Na Sceirí a bhí againn agus a eachtraítear a scéalta faoin deonú fola. Rith an fhógraíocht sin in Eanáir, Aibreáin agus le linn an tsamhraidh, agus í le feiceáil ar chainéil mhóréilimh amhail RTÉ, RTÉ 2, TV3, TG4, SKY agus C4. Cuireadh fógraíocht ar siúl ar stáisiúin náisiúnta raidió chomh maith, ar Spotify agus, den chéad uair riamh, ar Audio XI (an malartán fuaime is mó in Éirinn). Beartaíodh an feachtas seo a rith ag amanna dúshlánacha den bhliain do chlinicí deonaithe fola agus pláitíní, ag amanna a n-éalaíonn daoine ó ghnáthchúrsaí an lae le dul ar saoire agus na leanaí saor ón scoil.

Ba é an sprioc a bhí ann a chur in iúl do lucht éisteachta forleathan an tábhacht a bhaineann le deonú fola i rith na bliana ar fad, mar chuid den saol laethúil, agus deontóirí a spreagadh agus a ghríosú dul chuig na clinicí áitiúla atá acu cibé uair gur féidir leo é sin a dhéanamh.

In 2019, bhí na meáin dhigiteacha agus shóisialta ar siúl i dtólamh le tuilleadh teagmhála a dhéanamh le deontóirí ina ngnáthshaol, agus iad a spreagadh páirt a ghlacadh ar leathanaigh Giveblood.ie agus iad a ghríosú chun gnímh. Rinneadh ár bhfíseáin deontóirí ar líne a chiorrú go dtí 10 soicind chun feabhas a chur ar chlúdach agus cur i gcrích. Díríodh na físeáin ar líne isteach ar an lucht féachana d'fhonn deontóirí a ghríosú chun gnímh; is é sin le rá iad a spreagadh chun freastal ar chlinicí. Sháraigh na scéalta spriocdhírithe a spriocanna ó thaobh clúdach agus dhul i bhfeidhm ar an bpobal. Tháinig fás rialta ar ár gcainéil sna meáin shóisialta i rith na bliana. Bhí níos mó ná 124K leantóir ag ár leathanach Facebook ag deireadh 2019, bhí 19.9k leantóir ag ár leathanach Twitter a úsáidtear le freagra a thabhairt ar cheisteanna agus ráitis dheontóirí, agus freastalaíodh sna meáin chumarsáide ar ghrúpaí sainleasa chun cur leis an teachtaireacht atá againn. Seoladh cuntas Instagram Giveblood.ie in 2019, agus tháinig fás ar líon leantóirí an chuntais ó 200 in Eanáir go 5.1k faoi mhí na Nollag. Tá fás i gcónaí ar an gcainéal seo sna meáin shóisialta agus is é an sprioc atá ann ná leanúint de níos mó a dhéanamh ar an ardán seo chun teagmháil a dhéanamh lenár ndeontóirí níos óige. Rinneadh leathanach LinkedIn IBTS a athnuachan chun teagmháil a dhéanamh le cuideachtaí agus deontóirí ar spéis leo ár gcláir Work Ferry. Bhí 2k leantóir againn faoi dheireadh 2019.

Tá leibhéal ard rannpháirtíochta againn ar ár gcainéil shóisialta mar gheall ar scéalta corraitheacha agus spreagúla na ndeontóirí 'Every One Counts', agus spreagadh daoine eile a






scéalta féin a roinnt agus an teachtaireacht agus na buntáistí a bhaineann leis an deonú fola a scaipeadh tuilleadh. Tá cuid mhór scéalta iontacha cluinte agus pictiúir iontacha glactha ag baill foirne IBTS agus deontóirí i gclinicí ar fud na tíre, cláir croí #BloodyLegend á n-úsáid acu ionas go mbeidh feachtas EveryOneCounts follasach sna clinicí. Tá sé seo á dhéanamh le deontóirí a spreagadh a gcuid spriocanna tábhachtacha a roinnt ar ár gcainéil shóisialta, rud a chuideoidh linn deontóirí eile a spreagadh agus a spriocanna tábhachtacha féin a bhaint amach, chomh maith le ceiliúradh a dhéanamh ar an gcúnamh atá tugtha acu chun saolta a shábháil.

## Comhpháirtíocht


Gné thábhachtach de theagmháil a dhéanamh leis an bpobal agus an tábhacht a bhaineann leis an bhfuilaistriú a scaipeadh i measc an phobail atá sa chomhpháirtíocht. In 2019, chuaigh IBTS i gcomhpháirtíocht le roinnt eagraíochtaí amhail CLG, Macra na Feirme, Réiteoirí FAI, Vodafone agus an iliomad eagraíochtaí Work Ferry a dhéanann coinne le freastal ar na clinicí.

Chuidigh Skoda Éireann le IBTS clinicí deonaithe fola a chur chun cinn in 2019 mar chuid dá líonra náisiúnta díoltóirí a bhfuil 32 ionad díolacháin ann. Mar chuid den chomhpháirtíocht seo chuir Skoda sraith Giveblood.ie d'fhíseáin deontóirí #EveryOneCounts ar taispeáint ar scáileáin i láthair feithimh na gcomhlachtaí díoltóireachta. Chuir siad cárta eolais na gclinicí 'know before you go' ar taispeáint sa láthair feithimh agus chroch siad crochadáin do scátháin carranna ar a raibh teachtaireachtaí 'Deonaigh fuil' i ngach carr Skoda a ndearnadh seirbhísiú air. Bhí an eagraíocht páirteach chomh maith i bhfeachtas fola ar fud na cuideachta agus d'fhreastail ar chlinicí áitiúla / grúpaí Work Ferry le fuil a dheonú. Chruthaigh Skoda agus margaíocht IBTS sraith físeán do na meáin shóisialta le chéile. Taispeántar i gceann amháin cén dóigh a ndéanann duine de Dheontóirí Fola Skoda am ina shaol / lá oibre a chur i leataobh le fuil a dheonú, taispeántar cén dóigh a ndéantar fuil a phróiseáil inár saotharlanna, agus mínítear 'gurb í an fhuil ola an chórais sláinte' agus an dóigh a bhfuil ceangal idir an coincheap sin agus an post laethúil atá ag sainmheicneoir le Skoda.

Ba chuid den straitéis i mbliana a bheith ag obair le comhpháirtithe sna meáin ar nós TheJournal.ie, Pundit Arena agus Off the Ball, atá ag teacht leis na rudaí a bhfuil dúil ag ár spriocghrúpa deontóirí iontu, agus a chuidíonn linn cumarsáid a dhéanamh leo ar na cainéil a mbíonn siad ag plé leo go laethúil, le scéalta ó dhearcadh an deontóra agus an fhaighteora araon.

Bhí feachtais fola ar an aer ag Off the Ball ar a gclár laethúil raidió, cainéil shóisialta agus suíomh gréasáin, i rith na 4 tréimhse is tábhachtaí den bhliain don deonú fola. Mar chuid dá gcláir chuir siad daoine mór le rá a raibh fuilaistriú faighte acu faoi agallamh. Labhair láithreoir Newstalk Tom Dunne, peileadóir Mhuineacháin Niall Kearns, an marcach Éireannach Pat Smullen, agus an peileadóir idirnáisiúnta Éireannach Shane Duffy faoin taithí a bhí acu fuilaistriú a fháil agus an tábhacht a bhaineann le bheith i do dheontóir.

I rith na bliana, chuir Pundit Arena ailt ar a suíomh agus cainéil shóisialta agus reáchtáil siad sraith urraithe agallamh dar teideal 'power of one more', a léirigh an tionchar a bhíonn ag cuairt amháin eile chuig clinic, nó má thagann duine amháin eile in éineacht leat. Ritheadh an t-agallamh deireanach i Meán Fómhair ina raibh Iománaí Bhaile Átha Cliath Peter Kelly, a labhair le Pundit Arena faoin tábhacht a bhaineann lena bheith i do dheontóir agus an dóigh a bhfuair a athair fuilaistrithe le linn na cóireála a cuireadh air don ailse.



Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (IBTS)

Cuireadh agallamh freisin ar an imreoir rugbaí le foireann na Mumhan, Sam Arnold. Labhair sé faoina thaithí á dheirfiúr a fheiceáil agus fuilaistriú á fháil aici go rialta don tinneas a bhí uirthi, agus labhair Eimear Considine faoina taithí mar dheontóir agus na rudaí a spreagann í chun fuil a dheonú. Foilsíodh sraith alt dearfach ar TheJournal.ie i rith na bliana, lena n-áirítear alt faoi chomhpháirtíocht IBTS le Skoda, scéal an imreora rugbaí Sharon Lynch atá ina deontóir pláitíní, agus scéal faoi leathadh amach chlár na haemacrómatóise ó oidhreacht i gclinicí ar fud na tíre.

Seoladh dhá fhíseán sa bhreis i bhfoirm fhada i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2019, le cuidiú ó NetCast, ina raibh agallaimh leis an Ollamh Stephen Field, Stiúrthóir Leighis agus Eolaíoch IBTS. Labhair sé faoi na critéir atá ann má bhíonn othair a bhfuil Haemacrómatóis ó Oidhreacht orthu ag iarraidh a bheith ina ndeontóirí, agus mhínigh sé faoin toirmeasc a bhíodh ar dheontóirí a raibh cónaí orthu roimhe sa Ríocht Aontaithe, Tuaisceart Éireann san áireamh, ar feadh aon bhliain nó níos mó idir 1980-1996, toirmeasc a cuireadh ar ceal ón 7 Deireadh Fómhair 2019.

## Gníomhaíochtaí Chraoltóireachta Seachtracha na gColáistí

Tá sé tábhachtach do IBTS cumarsáid a dhéanamh le deontóirí níos óige agus teagmháil a dhéanamh leo d'fhonn go gcuirfí ar an eolas iad faoin deonú fola agus an tábhacht a bhaineann leis i saol laethúil na n-othar in ospidéil ar fud na tíre.

> ***“In 2019, chuireamar fógraíocht ar siúl i seomraí níocháin lenár gclinicí coláiste ar champas a chur chun cinn agus rinneamar craoltaí seachtracha le stáisiúin áitiúla raidió chun scoláirí a chur ar an eolas faoi na rudaí nach mór dóibh a bheith ar an eolas fúthu agus a dhéanamh roimh bheith ina ndeontóirí. Chomh maith leis sin, chuir an fhógraíocht ar an eolas iad faoi na háiteanna agus na hamanna a bhfuil clinicí coláiste ar fáil ar an gcampas.”***

Chuaigh IBTS i gcomhar le Beat, Spin 103.8 agus Red FM agus reáchtáil siad craoltaí beo ar champas gar do chlinicí fola na gcoláistí in Ollscoil Chathair BÁC, COBÁC, Instiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Instiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Labhair na láithreoirí faoin seiceáil a dhéantar ar cháilíocht dheontóirí ar giveblood.ie agus faoin dóigh ar gá duit a bheith slán folláin, go leor deochanna fuara a ól agus béile a ithe sula bhfreastalaíonn duine ar an gclinic ar champas. Iarradh chomh maith ar scoláirí pictiúr a ghlacadh le clár croí féiníní #BloodyLegend agus a bpictiúir a roinnt ar na meáin shóisialta lena gcairde a spreagadh a bheith ina ndeontóirí fosta.

## Lá Domhanda na nDeontóirí Fola

Déanaimid ceiliúradh ar Lá Domhanda na nDeontóirí Fola (#WorldBloodDonorDay) gach bliain ar an 14 Meitheamh agus gabhaimid buíochas lenár ndeontóirí as fuil a dheonú agus as an tábhacht a bhaineann le fuil a dheonú a chur chun cinn. In








2019, eagraíodh Searmanas Bronnta Duaiseanna do Dheontóirí Bhaile Átha Cliath ar Lá Domhanda na nDeontóirí Fola agus rinneamar ceiliúradh ar na éachtaí iontacha atá bainte amach ag ár ndeontóirí. Bhí cláir féiníní Lá Domhanda na nDeontóirí Fola againn ar inneachar na gclinicí agus na meán sóisialta a rinne deontóirí ar fud na tíre a léiriú agus a cheiliúradh. Reáchtálamar feachtas deonaithe fola le OTB ar an aer. Labhraíodar le Niall Kearns, imreoir peile CLG Mhuineacháin, a fuair fuilaistriú, agus a labhair sé faoin tionchar a bhí aige sin ar a shaol.

## Feachtais earraí ar chlinic

Tá sé mar aidhm ag IBTS eispéireas ár ndeontóirí a dhéanamh chomh speisialta agus is féidir nuair a thagann siad chuig an gclinic chun deonú a dhéanamh ionas go mbeidh siad ag tnúth le filleadh ann. I mbliana reáchtálamar feachtais bheaga d'earraí bolscaireachta ar bhonn séasúrach anuas ar na hearraí rialta amhail pinn agus fáinní eochracha deora fola. Bhí áthas ar dheontóirí teacht ar chroíthe speisialta seacláide agus sónna pónairí glóthaí giveblood.ie i gclinicí ar fud na tíre ar Lá San Vailintín, aimsir na Cásca agus sa Samhradh. Bhí criospaí Monster Munch ar fáil sna clinicí ar Oíche Shamhna.

Bhí feachtas na Nollag thar a bheith speisialta i mbliana. Ba é an cuspóir a bhí ag an straitéis EveryOneCounts i mbliana ná leas a bhaint as scéalta dheontóirí agus faighteoirí eile sa phobal chun tuilleadh teagmhála a dhéanamh le deontóirí. I mí na Nollag 2019, cuireadh ceithre mhaisiúchán Nollag nua ar fáil sna clinicí a d'fhéadfadh na deontóirí a thabhairt abhaile leo mar chomhartha buíochas ón IBTS as an mbronntanas dochreidte a thugann siad d'othair atá i gcruachás. Ba iad ceathrar páistí mhisniúla a raibh fuilaistrithe faighte acu a dhear na maisiúcháin adhmaid a cuireadh ar taispeáint ar chrainn Nollag IBTS sa chlinic, rud a chur le spiorad na féile sna gclinicí. Cuireadh scéal an pháiste a fuair deonachán in éineacht le gach maisiúchán, ag míniú cad é mar a fuair sé nó sí aistriú fola, pláitíní nó smeara agus an dóigh ar chuidigh sin leo bisiú go maith.
Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Ciara, 3 bliana d'aois, as a Fear Sneachta álainn; le James, 6 bliana d'aois, as a líníocht teaghlaigh; le Clodagh, 3 bliana d'aois, as an gcrann galánta Nollag agus na bronntanais áille Nollag; agus le Issy, 9 mbliana d'aois, as an líníocht ghalánta dá cat, Pig.

## Searmanas Bronnta Duaiseanna do Dheontóirí


Reáchtáladh searmanais bronnta Duaiseanna do dheontóirí i mBaile Átha Cliath, Ceatharlach, Corcaigh, Tuaim agus Baile Átha Fhirdhia. Fuair 956 deontóirí ar an iomlán aitheantas as breis agus 50 agus 100 deonú a dhéanamh. Is cuid thábhachtach iad na gradaim seo d'fhéilire IBTS ós rud é go dtugann siad aitheantas do dheontóirí agus a dtiomantas leanúnach d'fhuil nó pláitíní a dheonú. Deis atá ann do IBTS buíochas a ghabháil le deontóirí as a gcuid dílseachta agus dúthrachta leanúnaigh do bheatha daoine a shábháil. Mar chuid de gach ceann de na hócáidí seo, insíonn othar a fuair fuil a scéal féin agus tugann sé sin fíorthuiscint do gach deontóir faoin tábhacht a bhaineann leis an mbronntanas tarrthála a thugann siad do dhaoine eile.


**Gradaim do Dheontóirí in 2019**

| | 50anna | 100anna | Searmanais |
|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 78 | 11 | 1 |
| Dún na nGall | 69 | 2 | 1 |
| Baile Átha Fhirdhia | 125 | 9 | 1 |
| Baile Átha Cliath | 159 | 77 | 2 |
| Corcaigh | 271 | 73 | 2 |
| Tuaim | 75 | 7 | 1 |
| **Iomlán** | **777** | **179** | **8** |


# Staidreamh Deontóirí

## Donors 2018 vs. 2019








## Deonuithe Lánfhola ag Deontóirí in 2019





Líon na nDeontóirí (Nóta: tá deontóirí a rinne 4+ dheonú ar an bpainéal HH)


## Deontóirí céaduaire




## Deontóirí Lánfhola de réir Inscne




## Deontóirí Lánfhola de réir Aoise




## Deontóirí Lánfhola de réir Grúpa Fola



# Táirgeadh, Forbairt Táirgí agus Seirbhísí Ospidéil

Baineann an tuairisc seo leis na Saotharlanna Táirgthe Comhábhar, an tSaotharlann Forbartha Táirgí, agus na Rannóga Seirbhísí Ospidéil.

Tá Saotharlann Táirgthe Comhábhar an NBC freagrach as na deonuithe lánfhola go léir a bhailítear go náisiúnta, agus deonuithe aifiréise pláitíní a bhailítear ag an gclinic aifiréise atá lonnaithe san NBC, a phróiseáil, a lipéadú agus a chur i dtaisce. Ina theannta sin, tá an tsaotharlann freagrach as pláitíní taiscthe a ullmhú ar bhonn náisiúnta, chomh maith le gach ordú do lánfhuil agus cealla dearga ar bhonn neamhghnáthaimh, agus gach ordú do phláitíní, a fhaightear san NBC a eisiúint.

Tá an tSaotharlann Comhábhar i gCorcaigh freagrach as na deonuithe aifiréise pláitíní a bhailítear in Ionad Chorcaí a phróiseáil, a lipéadú agus a chur i dtaisce agus déantar bainistiú ansin chomh maith ar an aonad coinneála stoic atá bunaithe san Ionad. Tá an Rannóg Seirbhísí Ospidéil san NBC agus an Rannóg Seolta in Ionad Chorcaí freagrach as orduithe leictreonacha a fháil ó na hospidéil agus as táirgí a eisiúint de bhun na n-orduithe sin.

Tá an Rannóg Seirbhísí Ospidéil (HSD) san NBC freagrach as gach ordú leictreonach a fháil ó na hospidéil a fhaigheann soláthairtí ón NBC agus as eisiúint na dtáirgí go léir ón NBC. Roghnaíonn agus eisíonn foireann an HSD gach táirge rialta ceall dearg agus tá Eolaithe Leighis na Saotharlainne Comhchodanna freagrach as gach táirge pláitíní agus gach táirge neamhrialta lánfhola agus ceall dearg a roghnú agus a eisiúint.


In Ionad Chorcaí, tá na Seirbhísí Ospidéil freagrach as gach táirge rialta ceall dearg a roghnú agus a eisiúint, agus tá an tSaotharlann Diagnóisice freagrach as na táirgí pláitíní go léir agus as na táirgí neamhchaighdeánacha lánfhola agus ceall dearg go léir a roghnú le go ndéanfaidh Seirbhísí Ospidéil iad a eisiúint.

Chuir bainisteoir tionscadail tús le clár athraithe in 2019 a bhaineann leis na réimsí Comhábhair, Seirbhísí Ospidéil agus Forbartha Táirgí. D'éirigh an clár as gníomh athbhreithnithe piaraí a cuireadh i gcrích in 2018.


Ar cheann de na hathruithe is tábhachtaí atá ann, táthar chun múnla soláthair foirne Táirgthe a thabhairt isteach i rannóg próiseála fola na gComhábhar, agus tabharfar isteach Bainisteoir Táirgthe, Maoirseoirí Táirgthe agus Oibritheoirí Táirgthe.
Tá Eolaithe Míochaine ag tacú leis an bhfoireann táirgthe chun dinimic ardfheidhmíochta táirgthe agus forbartha comhábhair a chruthú.

Fuarthas 35,380 ordú ar tháirge ar an iomlán go leictreonach in 2019, méadú 6.4% ar 2018. Díobh sin, fuarthas 28,623 (81%) san NBC agus 6,757(19%) san MRTC.

### Orduithe Leictreonacha a Fuarthas in 2019




### Céatádan de Ghníomhaíocht Ordaithe de réir Lárionaid




**Orduithe a Fuarthas Ar Líne**


| | 2018 | 2019 | Athrú |
|---|---|---|---|
| An INF | 26,787 | 28,623 | +1836 (+6.9%) |
| Ionad Chorcaí | 6,461 | 6,757 | +296 (+4.6%) |
| **Iomlán** | **33,248** | **35,380** | **+2132 (+6.4%)** |

# An tSaotharlann Comhchodanna

## Lánfhuil

Próiseáladh 126,683 deonú lánfhola táirgiúil ar an iomlán in 2019. Méadú 0.02% a bhí ansin i gcomparáid leis an líon a próiseáladh in 2018.

### Deonuithe Lánfhola a Próiseáladh




Rinneadh na deonuithe fola ar fad a phróiseáil chun na táirgí príomha agus tánaisteacha seo a leanas a tháirgeadh:

| Príomhtháirge | An líon a ullmhaíodh | Dáilte |
|---|---|---|
| **Lánfhuil agus Cealla Dearga** | | |
| Lánfhuil | 17 | 0 |
| Lánfhuil le haghaidh úsáid nua-naíoch | 1268 | 2 |
| Tiúchan Ceall Dearg | 114,291 | 101,639 |
| Tiúchan Ceall Dearg le haghaidh úsáid nua-naíoch | 11,083 | 3,765 [1] |
| Lánfhuil Téachta | 24 | 24 |
| **Táirgí Plasma** | | |
| Plasma Úr Reoite le haghaidh úsáid nua-naíoch | 240 | 0 |
| Plasma Úr-Reoite le haghaidh úsáid IVD | 124,852 | 76,626 |
| **Cisil Bhánbhuí** | | |
| Leocaicítí, Ciseal Bánbhuí le haghaidh táirgeadh pláitíní taiscthe | 40,075 | Neamh-bhain-teach |

| Príomhtháirge | An líon a ullmhaíodh | Dáilte |
|---|---|---|
| **Aifiréis Pláitíní - Dáileoga** | | |
| Pláitíní aifiréise | 18,489 [2] | 9,711 [3] |
| **Táirge Tánaisteach** | **An líon a ullmhaíodh** | **Dáilte** |
| **Cealla Dearga** | | |
| Cill Dhearg Curtha ar Fuaidreamh Arís | 833 | 783 |
| Cealla Dearga Nite | 9 | 9 |
| Cealla Dearga Leáite/Nite | 0 | 0 |
| Cealla Dearga le haghaidh IUT | 9 | 9 |
| Cealla Dearga, Plasma Laghdaithe | 393 | 226 |
| Cealla Dearga Roinnte le haghaidh Úsáid Nua-Naíoch | 714 | 648 |
| Cill Dhearg, Ionradaithe | 15,130 | 15,007 |
| Cill Dhearg, Úsáid Nua-Naíoch, Ionradaithe | 304 | 296 |
| Lánfhuil Athdhéanta | 0 | 0 |

| | | |
|---|---|---|
| **Táirgí Plasma** | | |
| Crióidheascán le haghaidh úsáid nua-naíoch | 167 | 129 |
| **Táirgí Pláitíní - Dáileoga** | | |
| Pláitíní, Aifiréis, Nite | 12 | 12 |
| Pláitíní, Dáileog Phéidiatraiceach | 20 | 19 |
| Pláitíní, Forthiubhaithe | 0 | 0 |
| Pláitíní, Aifiréis, Saol Sínte | 7,864 [4] | 6,522 |
| Pláitíní, Taiscthe | 6,908 | 3,918 [5] |
| Pláitíní taiscthe, Saol Sínte | 2,485 [6] | 2,270 [5] |
| **Cisil Bhánbhuí** | | |
| Leocaicítí, Taiscthe | 45 | 45 |
| Leocaicítí, Taiscthe, Laghdú ar Líon na gCeall Dearg | 19 | 19 |

**Fonótaí:**

1. Is é seo an líon a eisíodh go sonrach d'úsáid nua-naíoch, athraíodh na haonaid ullmhaithe a bhí fágtha mar tháirgí úsáide do dhaoine fásta.
2. Is é seo líon iomlán na ndáileog aifiréis pláitíní a ullmhaíodh in 2019.
3. Is é seo líon na ndáileog aifiréis pláitíní, nach bhfuil ach seilfré de 5 lá acu, a eisíodh d'úsáid theirpeach. Ní áirítear leis sin na dáileoga a síneadh a seilfré go 7 lá sular eisíodh iad.
4. Is fothacar iad sin d'iomlán na ndáileog aifiréis pláitíní a ullmhaíodh
5. Is é suim na bhfigiúirí seo (i.e. 3,918+ 2,270 = 6,188) líon iomlán na bpláitíní taiscthe a eisíodh don úsáid theirpeach
6. Is fothacar iad sin de na 6,908 pláitín taiscthe a ullmhaíodh


Tabhair do d'aire, le do thoil, nach mbeidh an méid a táirgeadh ag teacht leis an méid a dáileadh mar gheall ar stoc ag teacht isteach a bhí ar fáil ó 2018 ach a eisíodh in 2019.

## Pláitíní


B'ionann an táirgeadh pláitíní agus 9,558 deonú aifiréise a bailíodh go náisiúnta agus 6,908 pláitín taiscthe a ullmhaíodh san NBC.

Bailíodh agus próiseáladh na deonuithe aifiréise sa dá hionad, agus próiseáladh 75% díobh san NBC agus 25% díobh i gCorcaigh.

### Táirgeadh Pláitíní




### Táirgeadh Pláitíní de réir Ionad Próiseála




Tháinig méadú beag ar an táirgeadh iomlán pláitíní a bhí oiriúnach le heisiúint i gcomparáid le 2018, bhí laghdú 131 dáileog (-0.7%) ar phláitíní trí aifiréis, agus méadú 206 dáileog (+3.2%) ar phláitíní trí thaisceadh, 75 dáileog níos airde (+0.3%) ar an iomlán.

| | Aifiréis (dáileoga ineisithe) | Taiscthe (dáileoga ineisithe) | Iomlán (dáileoga) |
|---|---|---|---|
| 2018 | 18,620 | 6,411 | 25,031 |
| 2019 | 18,489 | 6,617 | 25,106 |
| Difríocht | -131 | +206 | +75 |
| Athrú % | -0.7% | +3.2% | +0.3% |


## Pláitíní, Aifiréis

Déanann deonuithe aifiréise dáileoga aonair, dúbailte nó triaracha a tháirgeadh, agus rinne na 9,558 deonú d'aifiréis pláitíní 18,489 dáileog ineisithe a tháirgeadh.


Is iad na figiúirí coibhéiseacha in 2018 ná gur tháirg 9,657 d'aifiréis pláitíní 18,620 dáileog ineisithe ar an iomlán.

As iomlán na ndáileog táirgiúla d'aifiréis pláitíní a bailíodh in 2019, bhí 9773 (52.9%) díobh oiriúnach d'úsáid daoine fásta amháin agus bhí 8716 (47.1%) díobh oiriúnach d'úsáid daoine fásta agus nua-naíoch araon.


## Deonacháin Aifiréise de réir Cineál Fleibeatóime




## Dáileoga Aifiréise de réir Cineál Fleibeatóime





## Deonuithe Aifiréise de réir Cineál Deonacháin





Tháinig laghdú ar na deonuithe dáileoige singile agus dúbailte agus tháinig méadú ar na deonuithe le trí dháileog i gcomparáid le 2018.

| | | Singil | Dúbailte | Triarach |
|---|---|---|---|---|
| **2018** | Úsáid Dhaoine Fásta | 555 | 3921 | 503 |
| | Úsáid Nua-naíoch | 427 | 3476 | 445 |
| | **Iomlán** | **982** | **7,397** | **948** |
| **2019** | Úsáid Dhaoine Fásta | 515 (-7.2%) | 3813 (-2.7%) | 544 (+8.1%) |
| | Úsáid Nua-naíoch | 387 (-9.4%) | 3443 (-0.9%) | 481 (+8.1%) |
| | **Iomlán** | **902 (-8.1%)** | **7256 (-1.9%)** | **1025 (+8.1%)** |

## Dáileoga a díorthaíodh ó Chineálacha Éagsúla Deonacháin (2019)




### 2018/2019 Comparáid de réir Chineál Deonaithe





## Pláitíní, Taiscthe

Rinneadh 6,908 pláitín taiscthe a tháirgeadh ar an iomlán san Ionad Náisiúnta Fola in 2019, rud a d'fhág go raibh 6617 dáileog ineisithe ann. Táirgeadh gach grúpa ABO/Rh ach amháin AB. Is mar seo a bhí an miondealú de réir ghrúpa:

### Táirgeadh Pláitíní Taiscthe de réir ABO Rh




### Pláitíní Taiscthe de réir ABO Rh




## Táirgí Míochaine

Dáileadh na táirgí déanta go náisiúnta in 2019 de réir mar a léirítear sa tábla thíos:

| Táirge | Dáilte |
|---|---|
| Riastap 1g | 8220 |
| Octaplex 500 | 6[1] |
| LG Octaplas O | 8,106 |
| LG Octaplas A | 5,421 |
| LG Octaplas B | 2,036 |
| LG Octaplas AB | 1,116 |

1 Chun críocha bainistíochta stoic

## An tSaotharlann Forbartha Táirgí,

Ba é ceann de na príomh-mholtaí a tháinig as an ngníomh athbhreithnithe piaraí in 2018 ná go gcuirfí acmhainní ar fáil don tSaotharlann Forbartha Táirgí. Cuireadh tús leis sin in 2019 nuair a bunaíodh an Fhoireann um Thacaíocht Eolaíoch agus Fhorbairt Chomhábhar. Is iad na sainchúraimí atá ag an bhfoireann sin tacaíocht eolaíoch a chur ar fáil ó lá go lá chomh maith le próisis nua agus comhábhair fola a fhorbairt, agus trealamh a dhearbhú.

Bhí foireann na Saotharlainne Forbartha Táirgí ag obair ar réimse tionscadal le linn 2019, lena n-áirítear deighilteoirí fola a dhearbhú i roinn na gComhábhar, athbhreithniú ar phróisis ionas go dtabharfar isteach modheolaíochtaí díghníomhaithe pataigine agus tuaslagán breiseáin a thabhairt isteach in aifiréis pláitíní.






# Tástáil

## An tSaotharlann um Thástáil Áigéid Núicléasaigh (NAT)

Tá An tSaotharlann um Thástáil Áigéid Núicléasaigh (NAT) lonnaithe ag an Ionad Náisiúnta Fola, áit a ndéantar tástáil mhóilíneach ar shamplaí dheonacháin fola IBTS chun an baol go dtarlóidh ionfhabhtuithe a scaiptear i bhfuilaistriú san fhaighteoir a laghdú. Na measúnachtaí an-íogair agus an-sonrach a úsáidtear i scagthástáil shaotharlann NAT, déanann siad an t-aigéad núicléasach víreasach (RNA/DNA) de phataiginí fuil-iompartha a bhrath go díreach, lena n-áirítear víreas easpa imdhíonachta daonna de chineál 1 agus 2 (HIV-1/2), víreas Heipitíteas C, víreas Heipitíteas B, Heipitíteas E agus víreas na Níle Thiar. Tá na caighdeáin is airde cáilíochta i bhfeidhm i saotharlann NAT agus cuireann an tsaotharlann le soláthar slán sábháilte a sholáthar fola ag an am céanna.
Déanann saotharlann NAT tástáil ar Dheonuithe Aonair (ID-NAT), agus úsáidtear uirlisí tástála Panther chun sin a dhéanamh i gcomhar le measúnachtaí Ultrio Elite (UE) agus measúnachtaí víreas Heipitíteas E (VHE). Is córas dúnta uathoibríoch iomlán é an gaireas Panther a dhéanann tástáil NAT. Measúnacht ilphléacsach Ollmhéadaithe trí Mheán Tras-Scríofa (TMA) is ea measúnacht Procleix Ultrio Elite chun HIV-1/2 RNA, Víreas Heipitíteas C RNA agus Víreas Heipitíteas B DNA a bhrath i bplasma de bhunús daonna. Úsáidtear Measúnacht Procleix HEV chun HEV RNA a bhrath. Le linn 2019, rinneadh tástáil ID- NAT ar 142,866 sampla do HIV1/2, VHC, VHB agus VHE.

Úsáideann measúnacht Procleix le haghaidh Víreas na Níle Thiar (WNV) ardán Panther chun RNA WNV ar leibhéal íseal (ginealach 1&2) a bhrath go hiontaofa i ndeonuithe fola. Sular cuireadh tús leis, cuireadh siar deonú fola na ndaoine sin a thaistil go háit bhaolach ó thaobh WNV de le 28 lá anuas. Tugadh isteach tástáil roghnaitheach ar dheonuithe fola le haghaidh WNV mar rogha ar an iarchur geografach 28 lá ar dheontóirí ón 1 Bealtaine go dtí an 27 Nollaig 2019. Rinneadh tástáil ar 3,642 deonú (3.84%) do NVT RNA le linn na tréimhse sin.



Cinntíonn Rialú Cáilíochta Tástála NAT go ndéantar monatóireacht chruinn ar leochaileacht anailíseach agus ar in-atáirgtheacht mheasúnachtaí scagthástála fola NAT. Úsáidtear samplaí Rialaithe Sheachtraigh Cáilíochta (RSCanna) chun monatóireacht a dhéanamh ar oilteacht agus comhsheasmhacht theicniúil in íogaire baisceanna imoibrithe le hardán NAT Panther. Cuimsíonn measúnachtaí Grifols Procleix Calabróirí agus Rialú Inmheánach (RI) chomh maith. Úsáidtear RI chun próiseáil samplaí, aimpliú agus céimeanna braite a rialú, agus úsáidtear é le cinntiú go bhfuil gach próiseas tástála déantúsóra á n-oibriú i gceart. Caithfidh sonraí calabróra cloí le sonraíochtaí measúnachta. Ghlac saotharlann NAT páirt in iliomad Scéimeanna um Measúnacht Sheachtrach Cáilíochta (EQAS) in 2019 agus níor tuairiscíodh aon neamhréir. Cuireann comparáidí idir saotharlanna trí húsáid bhogearraí EDCNet (National Reference & Serology Laboratory, NRL, an Astráil, www.nrlqa.net) ar ár gcumas athbhreithniú piaraí a dhéanamh le húsáideoirí eile Panther agus Ultrio Elite ar fud an domhain.

Tá an tsaotharlann NAT tiomanta don phróiseas NAT a fheabhsú i rith an ama, an t-eolas is déanaí a bheith againn ar na pataiginí atá ag teacht chun cinn agus ar uirlisí agus measúnachtaí nua a d'fhéadfadh a bheith ann.

# NHIRL


Cuireann An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (NHIRL) réimse cuimsitheach seirbhísí tástála cliniciúla ar fáil atá deartha chun tacú leis na cláir aistrithe gascheall ailigéineach haematopoietice (HSTC) in Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn. Is féidir HSCT a úsáid chun leoicéime, siondróim teipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ó bhroinn a chóireáil.

Aimsíonn an tsaotharlann an tíopa antaigine leocaicíte daonna (HLA) atá ag gach othar agus deontóir (gaolmhar nó neamhghaolmhar) sula ndéantar aistriú chun cabhrú le deontóir a roghnú. Úsáideann an tsaotharlann modhanna atá go hiomlán móilíneach agus iad bunaithe ar an Imoibriú Slabhrúil Polaiméaráise (ISP) chun na géinte a ionchódaíonn na móilíní HLA a shainmhíniú. Is féidir leis an teicneolaíocht seo ardleibhéal taifigh a bhaint amach, rud a dhéanann idirdhealú idir ailléilí aonair na ngéinte HLA.

> ***“Tá clár leathan dearbhaithe cáilíochta ag an tsaotharlann a chuimsíonn rannpháirtíocht i gcláir inmheánacha agus sheachtracha araon um thástáil inniúlachta do thíopáil HLA, géinitíopáil antaigin pláitín daonna (HPA) agus fiosrúcháin antasubstainte HLA.”***

Tá creidiúnú faighte ag an NHIRL ón gCónaidhm Eorpach um Imdhíon-ghéinitic (EFI) ó 2001 ar aghaidh.
Rinneadh tíopáil HLA in 2019 ar shamplaí ó 204 othair Éireannacha le haghaidh trasphlandú féideartha gascheall fuilghinte agus rinneadh tíopáil HLA ar a ngaolta chomh maith. I gcás na n-othar sin nach mbíonn deontóir oiriúnach acu atá muinteartha leo, is féidir deontóir nach gaol é/í a aithint ó chlár na ndeontóirí deonacha neamhghaolmhara. Cuireann an HNIRL seirbhís tacaíochta imdhíon-ghéinitice ar fáil do Chlárlann na hÉireann um Smior Neamhghaolmhar (IUBMR). Ó Dheireadh Fómhair 2019 ar aghaidh, bhí ceist i gCeistneoir Sláinte agus Stíl Mhaireachtála na ndeontóirí fola do dheontóirí ar aois idir 18-25 ag fiafraí díobh an mbeadh dúil acu clárú leis an gclárlann smeara. Mar gheall air sin, tá méadú an-suntasach tagtha ar líon na ndeontóirí atá ag clárú, agus chláraigh 2,367 deontóirí nua san iomlán in 2019.

### Líon na nOthar Éireannach a fuair HSCT ó Dheontóir Neamhghaolmhar 2010-2019





Le 10 mbliana anuas, tá Clárlann na hÉireann um Smior Neamhghaolmhar tar éis 487 trasphlandú deontóra neamhghaolmhair a éascú d'othair Éireannacha. Rinneadh 54 trasphlandú deontóra neamhghaolmhair san iomlán in 2019. Rinneadh daichead a cúig acu in Ospidéal San Séamas agus naoi gcinn in Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn.

Bhí 245 deontóirí pláitíní de chineál HLA-A agus -B ann san iomlán, agus cuireadh iad san áireamh ar an bpainéal deontóirí pláitíní ar mhaithe le tacú le soláthar táirgí barrmhaithe pláitíní do na hospidéil.

Cuireann an NHIRL seirbhís rialta um thíopáil HLA gaol galair ar fáil chomh maith. Rinneadh 42% de na himscrúduithe a rinneadh in 2019 tríd an tseirbhís seo. Cuirtear ar aghaidh an chuid is mó de na samplaí le fáil amach cé acu an bhfuil nó nach bhfuil HLA-B27 iontu, rud a bhaineann le Spondailíteas Ancalósaithe; galar pianmhar forásach réamatach a théann i bhfeidhm ar an dromlach agus ar na hailt shaicriliacha go príomha.

### Dáileadh Imscrúduithe SNTIH




Chomh maith leis sin, cuirtear seirbhís imdhíoneolaíochta pláitíní d'imscrúdú séireolaíoch trombaicítipéine nua-naíche alla-imdhíonaí (NAIT), Galar Corcra Iar-Fhuilaistrithe (PTP), athraontóireacht pláitíní, trombaicítipéiní alla-imdhíonacha agus frithghníomhartha tromchúiseacha díobhálacha ar fáil. D'fhan líon na n-imscrúduithe NAT mar an gcéanna i gcomparáid le 2018.

In Iúil 2019, rinneadh an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta & Imdhíon-Ghéineolaíochta a chumasc agus cruthaíodh an tSaotharlann Ghéineolaíochta Grúpaí Fola le Rannóg na Bitheolaíochta Móilíní & Géinitice. Cuireann an tSaotharlann Ghéineolaíochta Grúpaí Fola scagthástáil le haghaidh RhD san fhéatas ar fáil, chomh maith le géinitíopáil do D Lag, agus seirbhísí géinitíopála fuilcheall dearg.

# An tSaotharlann Víreolaíochta

Is í an aidhm atá ag Saotharlann Víreolaíochta IBTS ná scagthástáil éigeantach a dhéanamh ar na deonuithe fola ar fad faoi choinne láithreacht antasubstainte in aghaidh Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna (antai-HIV 1 / 2), antasubstaint in aghaidh víreas Heipitíteas C (anta-VHC), antasubstaint in aghaidh Víreas Daonna T-Lymphotropic tíopa I agus II (anti-HTLV-I / II), antasubstaint in aghaidh phríomh-antasubstaint Heipitíteas B (anta-VHB), antaigin dromchla Heipitíteas B (HBsAg), antasubstaint in aghaidh Treponema Pallidum (Gallbholgach). Tástáiltear deonuithe roghnaithe le haghaidh Cítimeigiliviris (CMV) (timpeall 80% de dheonuithe) ionas go mbeidh soláthar de dheonuithe CMV dhiúltaigh ann do na hothair atá i mbaol aimhréidheanna ionfhabhtú CMV e.g. othair atá imdhíon-lagaithe.

Faigheann an tsaotharlann Víreolaíochta sampla de shéirim théachta ó gach deontóir, agus é tógtha ag am an deonaithe, rud a aithnítear le haitheantóir barrachóid uathúil. Iompraítear gach sampla ó na clinicí deontóirí fola go dtí an NBC thar oíche agus déantar tástáil orthu an lá dár gcionn. Tástáladh tuairim is 140,274 sampla deonaithe agus 2,177 sampla céaduaire ó dheontóirí céaduaire amháin in 2019. Cuirtear lipéid ar na comhábhair fola lena eisiúint chomh fada is a bhíonn torthaí tástála gach deontóir diúltach agus gur féidir le saotharlanna tástála uile IBTS torthaí sásúla a eisiúint.

Déanann an tsaotharlann Víreolaíochta ar Chóras Abbott Alinity s a fheidhmiú, arb anailíseoir imdhíonmheasúnachta iomlán uathoibrithe ar thréchur ard é atá deartha le teicneolaíocht imdhíon-mheasa ceimealonraigh le fáil amach an bhfuil antaiginí agus antasubstaintí sonracha i láthair. Tá úsáid ghnáthaimh á bhaint as Córas Abbott Alinity s chun tástáil a dhéanamh ar dheontóirí fola Éireannacha agus tá sé in ann seacht measúnacht a phróiseáil ag an am céanna lena n-áirítear HIV Ag/Ab Combo, HTLV I/II, Anta-HCV, HBsAg, Anta-HBc, CMV IgG agus Gallbholgach. Cuirtear an marc CE ar gach measúnú. Déanann an córas suas le 500 tástáil CMIA in aghaidh na huaire. Déantar na torthaí a ghintear ó Chóras Abbott Alinity s a bhainistiú agus úsáid á baint as bogearraí Abbott AlinIQ AMS.

Déanann an tsaotharlann tástálacha scagthástála freisin ar mharcóirí víreasacha do ranna éagsúla laistigh de IBTS, lena n-áirítear deontóirí gascheall, deontóirí fíochan comhlaí croí agus samplaí ó chláir tástála rianaithe faighteoirí.

Tá an tsaotharlann Víreolaíochta freagrach chomh maith as atreorú agus tuairisciú samplaí frithghníomhacha athuaire (TAN san áireamh) ó na cláir do dheontóirí agus do dhaoine nach deontóirí iad chuig an tSaotharlann Tagartha Náisiúnta Víreas (STNV) agus an tSaotharlann Lárnach Paiteolaíochta (SLP) in Ospidéal San Séamas le haghaidh thástáil deimhniúcháin/bhreise. Uaireanta cuirtear samplaí ón saotharlann Víreolaíochta chuig gníomhaireachtaí thar lear amhail SNBTS in Albain agus an tSaotharlann Náisiúnta Micribhitheolaíochta Aistriúcháin (NTMRL) in Collindale RA (e.g. tástáil Maláire) chun tástáil bhreise Víreolaíochta a dhéanamh orthu.

Ní mór don tSaotharlann Víreolaíochta a chinntiú go mbaintear amach feidhmíocht ionchasach measúnuithe tríd an tástáil réamhghlactha chuí a dhéanamh ar bhaiscí agus trí chaighdeáin ón 'National Institute of Biological Standards and Controls U.K' a úsáid, agus rialúchán ilmharcóra ón National Serology Reference Laboratory san Astráil (an NRL, an Astráil) "Acrometrix Q Connect Blue" mar rialúcháin ceadaithe/diúltaithe ar gach tástáil. Úsáidtear na caighdeáin rialaithe cáilíochta seo chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhsheasmhacht na feidhmíochta tástála trí rialú phróiseas staidrimh go laethúil, agus de réir a chéile, mar mhonatóir siarghabhálach ar fheidhmíocht baisceanna. Bíonn an tsaotharlann páirteach i gclár monatóireachta a ligeann do IBTS comparáid a dhéanamh idir torthaí anseo agus in Ionaid Fola sa Ríocht Aontaithe.

Glacann an tsaotharlann páirt freisin sa chlár faireachais a ritheann an Blood and Transplant (NHSBT) Epidemiology Unit de chuid an National Health Service/Health Protection Agency UK. Déantar monatóireacht ar na rátaí frithghníomhacha athdhéanta agus ar na rátaí dearfacha atá deimhnithe chun tástáil a dhéanamh ar na fearais ag baint úsáide as líon bearta éagsúla leis an NHSBT. Gintear tuairisc fhógartha a shonraíonn feidhmíocht mheasúnachta agus treochtaí sna rátaí frithghníomhaithe.

Glacann an tsaotharlann Víreolaíochta páirt i dtrí chlár oilteachta, ceann amháin a bhíonn scaipthe ag Seirbhís Náisiúnta Measúnaithe Sheachtraigh Cáilíochta na Ríochta Aontaithe (UK NEQAS) le haghaidh Micreabhitheolaíochta, an dara ceann ag an SNT, an Astráil, agus ceann eile ag an Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúraim Sláinte (EDQM).

Glacann an tSaotharlann páirt freisin i roinnt chláir Iniúchta Inmheánaigh agus Sheachtraigh chun cloí laistigh de Chóras Bainistíochta Cáilíochta Víreolaíochta (QMS) a chinntiú. Déanann an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA), rannóg Dhearbhú Cáilíochta IBTS (QA) agus an tSaotharlann Víreolaíochta iniúchadh ar phróisis agus mhodhanna oibre na Saotharlainne Víreolaíochta.

Tá plean tástála teagmhais sheachtraí ag IBTS i gcomhar le Seirbhís Fuilaistriúcháin Náisiúnta na hAlban (SNBTS). Déantar an plean seo a thástáil ceithre huaire in aghaidh na bliana trí líon beag samplaí a sheoladh chuig SNBTS le haghaidh thástáil Víreolaíochta. Níor ghá plean tástála teagmhais sheachtraí SNBTS a chur i bhfeidhm i rith 2019.

# Saotharlann um Haemaiteolaíocht Imdhíonacht Ceall Dearg (RCI)

Cuireann Saotharlann RCI ag an Ionad Náisiúnta Fola seirbhísí fairsinge réamhaistriúcháin agus seirbhísí atreoraithe réamhbhreithe ar fáil d'ospidéil ar fud an domhain.

Ar na seirbhísí a chuireann Saotharlann RCI ar fáil, tá;

- Soláthar fola atá crosmheaitseáilte d'othair a bhfuil antasubstaintí casta acu.
- Imscrúdú ar antasubstaintí ceall dearg lena n-áirítear cásanna casta séireolaíocha.
- Imscrúdú ar fhrithghníomhuithe haemalaíoch de bharr fhuilaistrithe.
- Tíopáil ABO/R, lena n-áirítear imscrúdú ar aimhrialtachtaí grúpaí fola.
- Imscrúdú ar othair trí thástálacha dearfacha díreacha antaglóbailine.
- Imscrúdú ainéime uath-imdhíonachta haemalaíche.
- Imscrúdú ar thrasnaíocht antasubstainte monaclónaí.
- Imscrúdú ar ghalar haemalaíoch an fheatais & nuabheirthe (HDFN).
- Scagthástáil réamhbhreithe le haghaidh antasubstaintí ceall dearg chun toircheas i mbaol a shainaithint (cainníochtú agus / nó toirtmheascadh antasubstainte de réir mar is gá).
- Soláthar fola oiriúnaí ag an mbreith i gcás na dtoircheas i mbaol.
- Feinitíopáil shínte d'othair a bhraitheann ar fhuilaistriú agus d'othair a bhfuil antasubstaint chasta ceall dearg iontu.
- Feinitíopáil ar chealla dearga deontóirí.
- Comhairle chliniciúil agus eolaíoch do chomhghleacaithe ospidéil.
- Fuil neamhchoitianta a allmhairiú d'othair ainmnithe.
- Seirbhís phráinne ar glao-dhualgas lasmuigh de ghnáthuaireanta.

Cuireann an RCI seirbhísí bainc fola ospidéal ar fáil freisin d'Oispéis agus Seirbhísí Cúraim Mhuire agus d'Ospidéal Súil is Cluas Victoria Ríoga.

## Gníomhaíocht Saotharlainne

Cuireadh 2168 sampla ar aghaidh chuig Saotharlann RCI in 2019, laghdú 9.78% i gcomparáid le 2018.
Bhí laghdú i líon na samplaí ina n-iomláine in 2019 sa tástáil ar shainaithint antasubstainte agus ar chomhoiriúnacht. É sin ráite, bhí méadú suntasach i líon na samplaí cainníochtaithe anta-c agus samplaí a fuarthas le hiniúchadh a dhéanamh orthu do thrasnaíocht ó antasubstaintí monaclónacha. Tháinig méadú 18.75% ar shamplaí cainníochtaithe anta-c i gcomparáid le 2018 agus méadú 9.66% ar shamplaí trasnaíochta ó antasubstaintí monaclónacha.

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, fuarthas ardleibhéal leanúnach de shamplaí atá casta nó atá neamhchoitianta ó thaobh na séireolaíochta de. D'aithin an tSaotharlann Diagnóisice na samplaí casta seo a leanas in 2019, cuid acu a raibh alla-antasubstaintí neamhchoitianta iontu:

| Antasubstaint | Othair | Atreoruithe |
|---|---|---|
| Anta-Ch/Rg | 8 | 16 |
| Tíopa HTLA eile | 9 | 25 |
| Anta-Wra | 11 | 12 |
| Bainteach le CR1 | 1 | 3 |
| Imdhíonach Anta-A | 1 | 1 |
| Antai-Ce | 3 | 4 |
| Antai-cE | 5 | 11 |
| Trasnaíocht Mhonaclónach | 57 | 227 |
| Oiriúnaithe do Chóras Áirithe | 12 | 22 |
| Anta-Jk3 | 1 | 7 |
| Anta-Jra | 1 | 2 |
| Anta-P1 | 7 | 8 |
| Anta-Vw | 1 | 1 |
| Anta-Yta | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **118** | **340** |

### Comparáid idir líon samplaí 2018 agus 2019

| | Líon iomlán samplaí a tástáladh | Saothrú Chineál RhD | Comhartha Aitheantais (ID) na hantasubstainte | Cainníochtú anta-D | Cainníochtú anta-c | Trasnaíocht mhonaclónach | Tástáil Chomhoiriúnachta Iomlán | Tástáil Chomhoiriúnachta Casta | Líon iomlán lasmuigh de ghnáthuaireanta |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **2018** | 2403 | 4 | 2244 | 503 | 144 | 207 | 865 | 837 | 185 |
| **2019** | 2168 | 2 | 2049 | 455 | 171 | 227 | 741 | 717 | 143 |
| (%) | **-9.78%** | **-50%** | **-8.69%** | **-9.54%** | **+18.75%** | **+9.66%** | **-14.34%** | **-14.34%** | **-22.70%** |

Othair réamhbhreithe ab ea go leor de na hothair sin. I gcomhar leis an antasubstaint a aithint, rinneadh bainistiú maidir leis an mbaol HDFN agus le riachtanais fola don mháthair agus don leanbh araon. Bhí rath ar na torthaí go léir go dtí seo.

Bhí ardú in 2019 ar atreoruithe ó othair a raibh druga Daratumumab á fháil acu chun cóireáil a chur ar mhialóma iolrach. Tugadh ceadúnas chun an druga a úsáid in Éirinn in Aibreán 2018.

Lean an tsaotharlann ag forbairt a fardail Ceall Annamh Tagartha agus Frithsera (trí bhallraíocht sa líonra Idirnáisiúnta Serum, Cell and Rare Fluid (SCARF) Exchange agus san UK Cell Exchange) agus chuir sí barr feabhais ar a modheolaíochtaí tástála chun iad a chur in oiriúint do dhéimeagrafaigh phobal na hÉireann atá ag athrú.

Cuireann an tSaotharlann Diagnóisice litríocht ar fáil do réimse na heolaíochta fuilaistriúcháin. Cuireadh na póstaeir seo a leanas i láthair ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta mar atá liostaithe thíos:

- **BBTS:** Sampla d'Fheiniméan Matuhasi-Ogata in othar nach bhfuair fuilaistriú le gairid. Ruth Cleary, Barry Doyle, Edel Scally, Diarmaid O'Donghaile.
- **EQAS:** Anta-Jk3 a shainaithint agus a bhainistiú le linn toirchis. Curtha i láthair ag Cait Geaney
- **Comhdháil Sure:** Feabhas a chur ar an bpróiseas chun trasnaíocht DARA a mhaolú i dtástáil comhoiriúnachta sula ndéantar fuilaistriú. Bronnta: An Institiúid Bithleighis - Duais an Uachtaráin Ciara Liptrot, Helen Cregg, Edel Scally

## Fuil/táirgí neamhchoitianta a iompórtáil

Allmhairíodh 2 aonad d'fheinitíopa annamh agus 2 phláitín mheaitseáilte HLA ar an iomlán ó thar lear in 2019.

## Rannpháirtíocht i Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta Seachtracha

Tá saotharlann RCI rannpháirteach i 3 scéim dhifriúil um dhearbhú cáilíochta; 4 chleachtadh in IEQAS, 4 chleachtadh in AQQAS agus 10 gcleachtadh in NEQAS chomh maith le scéimeanna píolótacha NEQAS i bhfeinitíopáil ceall dearg, DAT agus toirtmheascadh antasubstainte. Ina theannta sin, glacann saotharlann RCI páirt i scéimeanna comparáide idir saotharlanna do theicnicí eisionnalta agus toirtmheasctha antasubstainte. Bhí na torthaí go léir a fuarthas sásúil.

# Saotharlann Diagnóisice Chorcaí

Cuireann an tsaotharlann diagnóisice in Ionad Chorcaí gnáthsheirbhísí agus seirbhísí tagartha imdhíonhaemaiteolaíochta agus saotharlainne ar fáil. Cuirtear na seirbhísí gnáthaimh ar fáil le haghaidh Ospidéal Ollscoile na hOtharlainne Theas, Ospidéal Naomh Fionnbarra, Ospidéal Príobháideach Mater Chorcaí agus Ospidéal/ Ospís Ollscoile Chnoc Mhuire; cuirtear na seirbhísí tagartha imdhíonhaemaiteolaíochta agus saotharlainne ar fáil do Réigiún na Mumhan. Bíonn Eolaithe Míochaine agus oifigigh sheolta ar an láthair 24/7, agus tacaíocht á chur ar fáil dóibh ó Fhoireann Speisialtóra Leighis agus Haemaiteolaí Comhairleach.

## Seo a leanas na seirbhísí a chuireann an tSaotharlann Diagnóisice ar fail:

Agus é ina Thaisce Fola do roinnt ospidéal, déanann Ionad Chorcaí grúpáil fola, scagthástáil antasubstaintí, agus soláthraíonn an t-ionad cealla dearga crosmheaitseáilte agus comhábhair eile d'othair ar leith. Comhairle saotharlainne agus chliniciúil á cur ar fáil do na hothair seo. Imscrúdú a dhéanamh ar fhrithghníomhartha féideartha aistrithe fola, rannpháirtíocht i mBainistíocht Fuil Othar agus i bpleanáil agus in athbhreithniú an chleachtais aistrithe fola trí choistí agus iniúchadh aistrithe fola an ospidéil agus bainistiú ar inrianaitheacht comhábhar.

Agus é mar shaotharlann tagartha, déanann Saotharlann Diagnóisice Chorcaí imscrúdú ar thíopáil chasta nó aimhrialta ceall dearg, tíopáil shínte d'othair a bhraitheann ar fhuilaistriú, tástálacha deimhneacha díreacha antaglóbailine, ainéime uath-imdhíonachta haemalaíoch, galar haemalaíoch an fhéatais/ bhabaí nuabheirthe, agus antasubstaintí casta a chuireann cealla dearga sínte meaitseáilte (feinitíopáilte) agus trasmheaitseáilte ar fáil do na hothair seo. D'fhéadfaí go dtógfadh sé roinnt uaireanta an chloig chun samplaí ar leith a imscrúdú ina n-iomláine sna cásanna seo, agus seans go mbeadh gá le scagthástáil a dhéanamh ar dheonuithe nuair nach mbíonn cealla dearga comhoiriúnacha ar fáil ar an tseilf. B'éigean 4 shampla ó othair a chur ar aghaidh chuig speisialtóirí saotharlann idirnáisiúnta tagartha um ghrúpaí fola (IBGRL) i mBriostó, agus cuireadh 53 sampla eile ar aghaidh chuig an NBA le géinitíopáil a dhéanamh orthu. Cuirtear comhairle ar fáil do chomhghleacaithe sa réigiún.

Agus é mar shaotharlann tagartha, imscrúdaíonn Saotharlann Diagnóisice Chorcaí othair réamhbhreithe a bhfuil antasubstaintí ceall dearg iontu, agus rianaíonn sé a gcúram ar feadh an toirchis chun an fháil atá ar fhuil mheaitseáilte don mháthair agus don leanbh ag an mbreith a phleanáil.

Bainistíonn foireann na Saotharlainne Diagnóisice an stoc comhchodanna speisialta don réigiún. Cuimsíonn sé seo gach comhchuid pláitíní agus gach ordú a fhaightear tríd an gCóras Orduithe Leictreonacha maidir le cealla dearga thíopa antaigine, comhchodanna fola ionradaithe agus comhchodanna fola do linbh.


Ós iad na heolaithe atá ar dualgas taobh amuigh de na gnáthuaireanta oibre, cuireann eolaithe na saotharlainne diagnóisice leis an tseirbhís trí phróiseáil thánaisteach a dhéanamh ar chomhábhair fola agus trí dhéileáil le hathghairmeacha, agus is iad an chéad phointe teagmhála le haghaidh fiosruithe cliniciúla a chuirtear ar aghaidh ansin go dtí na baill foirne leighis.

Bhí an fheidhmíocht i Scéimeanna um Measúnacht Sheachtrach Cáilíochta sásúil i rith na bliana, agus d'fhreastail an fhoireann ar chruinnithe Blood Transfusion Society (BBTS) UKNEQAS agus SMSCÉ.

## Gníomhaíocht na Saotharlainne Diagnóisice in 2019

**Iomlán na samplaí a fuarthas in 2019: 3690 (2018 : 3714)**

## Gníomhaíocht Diagnóisice Chorcaí in 2019



# Grúpáil Uathoibrithe Deontóirí


Tá an tSaotharlann um Ghrúpáil Uathoibrithe Deontóirí (ADG) freagrach as an ngrúpa fola ABO agus as tíopáil Rh D nach mór a bheith deimhnithe ar gach deonú fola. Caithfear gach deonú a thástáil i gcomhair antasubstaintí ceall dearg trí ghnáthscágáil antasubstainte a dhéanamh. Déantar tástáil ar dheonuithe roghnaithe le fáil amach an bhfuil antasubstaintí A/B ardtítir, antasubstaint nuabheirthe, haemaglóibin S agus tíopaí breisithe antaiginí i láthair. Baintear úsáid as PK 7300 sa tsaotharlann mar anailíseoir príomha ar ghrúpaí fola agus Ortho Vision mar anailíseoir tánaisteach ar ghrúpaí fola. In 2019, aistríodh an obair tíopála Jka/Jkb go léir ó PK 7300 go dtí Ortho Vision.

In 2019, rinneadh tástáil ar 130,850 sampla ceall dearg agus 9453 sampla aifiréise pláitíní, 14,044 (10.7 %) díobh a tháinig ó dheontóirí céaduaire. Ina theannta sin, rinneadh tástáil ar 1,867 sampla ó dheontóirí nua amháin in 2019. Tugadh faoi thionscadal in ADG i samhradh 2019 le féachaint ar an bhfuilghrúpa agus cineál breisithe antaigine a bhí ag deontóirí céaduaire Éireannacha, agus sin a chur i gcomparáid le fuilghrúpaí agus cineálacha breisithe antaigine deontóirí nach as Éirinn iad, chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag athrú déimeagrafach ar ár bpobal deontóirí. Ó na torthaí a fuarthas ó thástáil a dhéanamh ar dheontóirí nua, is féidir meastachán a thabhairt ar mhinicíocht fhuilghrúpaí ABO/Rh/K/Fya/M/S i ndaonra na hÉireann.


Chomh maith leis na tástálacha éigeantacha séireolaíocha a dhéanamh, déanann an tsaotharlann feinitíopa deontóirí a thástáil mar ghnáthamh d'antaiginí i gcórais fhuilghrúpaí Duffy, Kidd agus MNS. Déantar amhlaidh le haghaidh gnáthorduithe ospidéil, agus chomh maith le feinitíopaí níos neamhchoitianta nó cuingreacha tíopaí diúltacha antaiginí. Baineann sin de ghnáth d'othair a bhfuil riachtanais chasta fuilaistrithe ocu amhail aicíd chorráncheallach, antasubstaintí iolracha ceall dearg agus d'fhuil atá meaitseáilte go próifiolacsach ó thaobh antaiginí de d'fhuilaistrithe ionútaracha, agus othair áirithe a bhfuiltear ar an eolas fúthu go dtáirgeann siad antasubstaintí ceall dearg. Déantar stoc d'aonaid thíopaithe bhreisithe a chur ar fáil chun críocha eisiúna éigeandála. Rinne an tsaotharlann scagthástáil ar na mílte deontóir d'fheinitíopaí Rh (C,c,E,e) agus tíopaí Fya/b, Jka/b S/s in 2019. (Féach tábla 1 agus tábla 2).

In 2019, thug an tSaotharlann um Ghrúpáil Uathoibrithe Deontóirí faoi fhéachaint ar dhóigheanna níos fearr le freastal ar ár bpobal othar ar fad agus brath ar ár ndeontóirí féin chun na fuilghrúpaí níos neamhchoitianta a sholáthar. Mar fhreagra ar othar a raibh antasubstaint neamhchoitianta anta-Jk3 acu, rinneadh cuardach do dheontóirí a rugadh sa Pholainéis, san Fhionlainn agus san Nua-Shéalainn agus tástáladh 84 deontóirí don fheinitíopa neamhchoitianta Jk3. Déanfar sin a leathnú amach in 2020.

## Líon iomlán den fheinitíopáil bhreisithe a cuireadh i gcrích ag úsáid Ortho Vision




## Céatadán na ndeonaithe ceall dearg a ndearnadh tástáil orthu le haghaidh cineálacha breisithe antaigine



Glacann an tsaotharlann páirt i dtrí chineál scéime um mheasúnacht sheachtrach cáilíochta, a chuimsíonn 15 chleachtadh shéireolaíochta a thaisceadh gach bliain, 6 chleachtadh haemaglóibine neamhghnácha agus 1 shuirbhé mór idirnáisiúnta a chlúdaíonn gach gné de thástáil séireolaíochta na saotharlainne. Déantar monatóireacht ar inniúlacht na foirne trí húsáid na scéimeanna seo, agus cuimsíonn sí seo tástáil samplaí trí theicnící uathoibrithe agus láimhe araon. D'éirigh le foireann na saotharlainne cruinneas 100% a bhaint amach sa Scéim Náisiúnta um Measúnacht Sheachtrach Cáilíochta de chuid na Ríochta Aontaithe (UK NEQAS) ó cláraíodh an tsaotharlann den chéad uair in 2008. Baineadh amach torthaí sásúla sna cleachtaí NEQAS go léir a rinneadh in 2019. Déantar an dara scéim a chur i gcrích uair sa bhliain agus cuimsíonn sí seo gach gné de shéireolaíocht deontóirí, grúpáil ABO, tíopáil RhD, scagthástáil / aithint antasubstaintí agus tíopáil antaigine eile. Is suirbhé idirnáisiúnta é an scéim seo de chuid na Stiúrthóireachta Eorpaí um Cháilíocht Leigheasra agus Cúram Sláinte (EDQM) ar chaighdeáin saotharlainne Taiscí Fola.

Ós rud é gur saoráid náisiúnta tástála í an tSaotharlann Ghrúpála Uathoibrithe Deontóirí, tá plean tástála seachtrach ag IBTS i gcomhar le Seirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na hAlban ar eagla go dteipfeadh go tubaisteach ar na meaisíní nó ar an láthair. Déantar an plean teagmhais a thástáil ceithre huaire in aghaidh na bliana (3 huaire san aer agus uair amháin ar an bhfarraige) trí cheithre shampla is fiche a sheoladh le bheith tástáilte. Tástáladh an teagmhasacht in 2019 agus bhí toradh dearfach air; níor ghá an plean seo a ghníomhachtú i bhfíorchás ó comhdhlúthaíodh an tástáil san Ionad Náisiúnta Fola in 2010.

# Ailt le Baill Foirne IBTS in PubMed 2019

### 'Blood Donor Screening for Hepatitis E Virus in the European Union.'.

Boland F, Martinez A, Pomeroy L, O'Flaherty N.

Transfus Med Hemother. 2019 Aibreán;46(2):95-103. aitheantóir oibiachta digití: 10.1159/000499121. Epub 2019 Márta 14. Athbhreithniú.

### 'International Forum on Occult hepatitis B infection and transfusion safety.'.

Seed CR, Allain JP, Lozano M, Laperche S, Gallian P, Gross S, Kwon SY, Oh EY, Kim JN, Chua SS, Lam S, Ang AL, Tsoi WC, Hewitt PE, Davison KL, Tettmar K, O'Flaherty N, Boland F, Williams P, Pomeroy L, Wendel S, Fachini R, Scuracchio P, Carminato P, Fearon M, O'Brien SF, Delage G, Kiely P, Hoad V, Matsubayashi K, Satake M, Taira R, Stramer SL, Sauleda S, Bes M, Piron M, El Ekiaby M, Vermeulen M, Levicnik Stezinar S, Nograšek P, Jarvis LM, Petrik J, Charlewood R, Flanagan P, Grabarczyk P, Kopacz A, Łetowska M, Seifried E, Schmidt M.

Vox Sang. 2019 Bealtaine;114(4):e1-e35. aitheantóir oibiachta digití: 10.1111/vox.12743. Epub 2019 Aibreán 10.

### 'Is platelet gel safe enough for neutropenic patients?'?

Piccin A, Bacigalupo A, Zini G, Hamidieh AA, Bianchi M, Sica S, Valentini CG, Wolf D, Dazzi F, Fontanella F, Krampera M, Field S, Smith OP.

Transfus Apher Sci. 2019 Aibreán;58(2):190-191. aitheantóir oibiachta digití: 10.1016/j.transci.2019.02.004. Epub 2019 Márta 19.

### 'Insight into the complex pathophysiology of sickle cell anaemia and possible treatment.'.

Piccin A, Murphy C, Eakins E, Rondinelli MB, Daves M, Vecchiato C, Wolf D, Mc Mahon C, Smith OP.

Eur J Haematol. 2019 Aibreán;102(4):319-330. aitheantóir oibiachta digití: 10.1111/ejh.13212. Epub 2019 Feabhra 21. Athbhreithniú.

### 'A personal dedication to Sir David J Weatherall GBE, FRS (9 Márta 1933-8 Nollaig 2018).'.

Cotter FE, Hann I.

Br J Haematol. 2019 Feabhra;184(3):319-320. aitheantóir oibiachta digití: 10.1111/bjh.15755



# Seirbhísí Eile

## Banc Fíochán

Is foras fíocháin ceadúnaithe (TE-12) san NBC é an banc Fíochán faoin Treoir maidir le Fíocháin agus Cealla 2004/23/CE a leagann amach caighdeáin feabhais agus sábháilteachta maidir le deonú, soláthar, tástáil, próiseáil, caomhnú, stóráil agus dáileadh fiochán agus cealla de bhunús daonna. Déanann an tÚdarás Rialaithe Táirgí Sláinte cigireacht ar an mbanc gach dara bliain. Bainistíonn an banc fíocháin an fíochán súl go léir, comhlaí croí, craiceann agus roinnt fíocháin mhatánchnámharlaigh go náisiúnta.
Ar na táirgí a chuirtear ar fáil, tá coirní, do ghnáthaimh DSAEK, DMEK agus PK araon, scléara, aimnian, peireacairdiam agus fascia lata. Déantar na táirgí súilí seo go léir a iompórtáil ó SAM. Tá an bhagairt go ndéanfar vCJD a tharchur i bhfíocháin choirneacha á híosghrádú go suntasach le 16 bliana anuas agus táimid ag fiosrú go gníomhach an mbeifear in ann an banc súl a athoscailt. Anuas air sin, cuireann IBTS braonta súl séirim uathlógaigh ar fáil d'othair a bhfuil fadhb mhór acu de bharr súile tirime tar éis iarratas a fháil ó oftailmeolaí. Táthar i ndiaidh faomhadh a thabhairt maidir le tús a chur leis an obair bhailíochta chun braonta súl allaigineacha séirim a chur ar fáil agus táthar ag dréim le go mbeidh an tseirbhís sin ar fáil d'othair Éireannacha faoi Ráithe 4 in 2020. Tá ceadúnas GMP ag an mbanc fíochán freisin chun Gaschealla Liombacha a tháirgeadh. Úsáidtear na nóduithe seo chun othair a bhfuil easnamh gascheall liombach orthu a chóireáil go rathúil.
Tá craiceann daonna ar fáil freisin chun drochdhó a chóireáil agus déantar é a allmhairiú ón mbanc fíocháin BST i mBarcelona, sa Spáinn. Is don aonad Dó in Ospidéal Naomh Séamus is mó a chuirtear an craiceann ar fáil.
Is conraitheoir tríú páirtí í IBTS ag MMUH le haghaidh phróiseáil, chrió-chaomhnú, agus dháileadh fíocháin chardashoithigh de bhunús daonna. Úsáidtear an chuid is mó de na comhlaí a dheonaítear in OLCHC chun máchailí croí ó bhroinn a dheisiú. In 2019, bhí méadú 33% ar líon na gcomhlaí a próiseáladh don dáileadh cliniciúil.

## An tSeirbhís um Aifiréis Theiripeach

Cuireann an tSeirbhís um Aifiréis Theiripeach (TAS) i gCorcaigh aifiréis theiripeach ar fáil d'othair i réigiún na Mumhan ag Ospidéal Ollscoile Chorcaí (CUH), Ospidéal Ollscoile na Trócaire (MUH) agus Ospidéal Bon Secours, Corcaigh (BSHC). Aistrítear othair as ospidéil eile sa cheantar chuig na háiseanna sin mar is cuí.

Stiúrann Lia Comhairleach sa Mhíochaine Fuilaistriúcháin an TAS, le tacaíocht ó Oifigigh Leighis Speisialtóra agus altraí atá oilte i ngnáthaimh theiripeacha. Déantar na gnáthaimh cois leaba an othair trí fhearas aifiréise soghluaiste a úsáid, go háirithe an Terumo OPTIA Spectra. Ba iad na gnáthaimh a cuireadh i gcrích in 2019 ná Malartán Plasma Teiripeach (TPE) agus Malartán Ceall Dearg (RBCX). Tá bogearraí Optia cumasaithe chomh maith le haghaidh Ídiú Fuilcheall Bán (WBCD).

Soláthraíonn an TAS prótacal aifiréise do gach othar ar leith i gcomhar le Foireann an Ospidéil Chliniciúil a rinne an t-iarratas agus a fhreastalaíonn ar an othar, agus iad treoraithe ag "Guidelines and Indications for Treatment" Chumann Aifiréise Mheiriceá (ASFA- 2019) agus áirítear sa chleachtas seo treoirlínte eile a chuimsíonn treoirlínte Chumann Haemaiteolaíochta na Breataine "Guideline on the clinical use of apheresis procedures for the treatment of patients and collection of cellular therapy products" (BSH-2015).

Oibríonn TAS laistigh de chóras bainistíochta cáilíochta IBTS, le pearsanra oilte, cáipéisíocht rialaithe lena n-áirítear SOPanna, teicneolaíocht bhailíochtaithe agus monatóireacht ar theagmhais dhíobhálacha agus frithghníomhuithe. Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar theagmhais dhíobhálacha agus tá athruithe corpraithe i ndoiciméadú SOPanna Teiripe IBTS, i mbeartais agus nósanna imeachta ábhartha ospidéal faoi mar is cuí. Freastalaíonn foireann TAS ar chruinnithe sa RA agus go hidirnáisiúnta, agus cloíonn siad le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD), iniúchtaí san áireamh. Tá sé beartaithe ag an tseirbhís a bheith rannpháirteach i mbailiú sonraí idirnáisiúnta de chuid ASFA, nuair a bheidh sin ar fáil.


Fuair an TAS 17 n-atreorú othair in 2019 agus rinneadh 99 gnáthamh ar 16 othair, in dhá láthair ospidéil. Mar a thaispeántar sna táblaí agus sna figiúirí a leanas, bíonn an t-éileamh ar TAS inathraitheach agus deacair a thuar. Cuimsíonn inathraitheacht éilimh iarraidh ar ospidéil, speisialtóirí, comhairligh, céim práinne, catagóir ASFA agus treochtaí de réir ospidéil, míosa, deireadh seachtaine agus lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre. Tá cnuasaigh éileamh coitianta.

In 2019, thug altraí ón TAS tacaíocht do bhainistíocht fiosruithe cliniciúla ó Dheontóirí Fola agus Pláitíní.


## Treocht maidir le héileamh ar sheirbhísí

Tá treocht agus inathraitheacht an éilimh ar an tSeirbhís le blianta beaga anuas ar taispeáint thíos .

### Gnáthaimh Bhliantúla san Iomlán 2017 - 2019





### Éileamh seirbhíse 2017 -2019 de réir míosa




## Éileamh seirbhíse de réir ospidéil

Ba é CUH is mó a rinne éileamh ar TAS, a chuir ar aghaidh 88% de na hothair ar cuireadh cóir leighis orthu in 2019. Chuir MUH 12% de na hothair ar aghaidh.
I bhfíoracha 3 agus 4 feictear comparáid idir an soláthar seirbhíse chuig CUH, MUH agus BSHC le 3 bliana anuas de réir othar agus gnáthamh.

### Soláthar Seirbhíse d'Othair de réir Ospidéil i 2017 go 2019





### Gnáthaimh de réir Ospidéil 2017 go 2019





## Speisialtacht chliniciúil de réir othair agus gnáthaimh

B'ionann othair a raibh fadhbanna néareolaíocha acu (76%) a bhformhór, le fadhbanna duánaigh (18%) agus haemaiteolaíochta (6%) ina dhiaidh sin, faoi mar a fheictear i bhFíor 5 agus Fíor 6

### Othair de réir Speisialtachta i 2019





### Gnáthaimh de réir Speisialtachta i 2019





## An tseirbhís a soláthraíodh de réir chatagóirí Chumann Aifiréise Mheiriceá (ASFA)

Fíor 7: Othair ar cuireadh cóireáil orthu de réir Chatagóirí ASFA 2019 (%), Fíor 8: Othair de réir speisialtóireachta agus chatagóir ASFA 2019.

### Othair ar cuireadh cóireáil orthu de réir Chatagóir ASFA 2019




### Othair de réir speisialtóireachtaí agus chatagóirí ASFA 2019




Baintear úsáid as treoirlínte Chumann Aifiréise Mheiriceá (ASFA) chun prótacail um chóireáil othair aonair a phleanáil. Tá siad sin bunaithe ar cháilíocht na fianaise tacaíochta agus ar láidreacht an mholta a ndearnadh de bharr na fianaise sin. Foilsíodh na treoirlínte is déanaí (an 8ú Eag.) in 2019.

**Catagóir I** – Neamhoird lena nglactar le haifiréis mar theiripe chéadlíne, as féin nó i gcomhar le cóireálacha eile.

**Catagóir II** – Neamhoird lena nglactar le haifiréis mar theiripe dara líne, as féin nó i gcomhar le cóireálacha eile.

**Catagóir III** – Níl ról barrmhaith na hAifiréise dearbhaithe – Déantar cinntí ar bhonn aonair.

**Catagóir IV**– Neamhoird ina léiríonn fianaise fhoilsithe nach bhfuil éifeacht le haifiréis nó go bhfuil sí díobhálach.


## Leibhéal práinne na Seirbhíse um Aifiréis Theiripeach atá ag teastáil

D'fhéadfaí go mbeadh sé riachtanach do TAS tús a chur ar bhonn éigeandála le gnáthamh aifiréise. Ba chóir tús a chur le cásanna éigeandála taobh istigh de 4 uair an chloig; ba chóir tús a chur le cásanna práinneacha ar an lá céanna taobh istigh de 4-8 n-uair an chloig. I ngnáthchásanna, ba chóir tús a chur leis an gcéad ghnáthamh taobh istigh de 24 uair an chloig nó de réir mar atá socraithe ag an lia (lámhleabhar na nósanna imeachta caighdeánacha obráide Céad Eagrán 2019). D'fhéadfadh aifiréis luath an bhagairt ar bheatha nó ar orgáin a mhaolú. In 2019, bhí cásanna práinneacha i gceist le 24% de na hothair agus ba ghnáthchásanna 76% de na hothair a d'fhreastail ar an tSeirbhís um Aifiréis Theiripeach.


**Práinn na Seirbhíse de réir othar**

| Práinn | Othair 2019 |
|---|---|
| Éigeandáil | 0 |
| Práinneach | 4 |
| Gnáthamh | 13 |


### Práinn de réir Othar 2019



### Práinn de réir Othar agus Speisialtóireachta 2019





### Líon na bhfadhbanna ar cuireadh cóireáil orthu de réir práinne 2019




Bíonn aifiréis theiripeach ag teastáil ó othair a mbíonn leibhéil éagsúla tacaíochta cúraim uathu. Féadtar tús a chur le cláir TAS nuair a bhíonn tacaíocht ó aonad dianchúraim de dhíth ar an othar agus, má thagann feabhas orthu, féadtar na hothair sin a aistriú chuig bardaí ginearálta. Othair de réir diagnóise agus práinne


### Seirbhís de réir tacaíochta cúraim othar de réir gnáthamh agus speisialtóireachta 2019




## Rochtain shoithíche ag othair agus ag gnáthaimh

Chun Aifiréis Theiripeach a dhéanamh, ní mór go mbeadh sruth fola den scoth ag an othar. B'fhéidir go mbeadh gá le tacaíocht a fháil ó chataitéar féitheach lárnach arna chur isteach ag na seirbhísí ainéistéiseolaíochta nó raideolaíochta san ospidéal atreoraithe, go háirithe do chlár dianchúraim nach maireann ach roinnt laethanta. Cé go ndearnadh iarracht rochtain fhorimeallach a chur i bhfeidhm i gceithre ghnáthamh, bhí cataitéar féitheach lárnach nó féimearach ag teastáil ó gach othar in 2019. Bhí meascán cineálacha rochtana soithíche ag roinnt othar.

### Rochtain Shoithíoch de réir Gnáthaimh 2019




## Soláthar Foirne

Tugann Haemaiteolaí Comhairleach ceannasaíocht don tseirbhís, arna thacú ag Sainoifigigh Leighis. Bíonn beirt altraí foirne mar acmhainn ó thaobh altrannais de, lena n-áirítear tacaíocht sceidealaithe ó ghníomhaireachtaí. Ní raibh sin le fáil áfach i ndiaidh Meán Fómhair 2019. Úsáidtear uainchlár chun acmhainní a chur ar fáil taobh amuigh de na gnáthuaireanta oibre.

## Seirbhís Deireadh Seachtaine, Lá Saoire Bainc agus Lasmuigh de Ghnáthuaireanta

D'fhéadfadh go mbeadh cúram éigeandála de dhíth ar othair lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre más é an diagnóis go bhfuil a mbeatha nó a n-orgáin i mbaol. D'fhéadfadh an clár cóireála síneadh thar an deireadh seachtaine. As na 99 gnáthamh a rinneadh in 2019, rinneadh 22 (22%) ag an deireadh seachtaine agus 3 (3%) lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre le linn na seachtaine. Taispeántar treocht an éilimh (de réir ráithe) ar sheirbhís deireadh seachtaine, laethanta saoire bainc agus lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre i bhFíor 14.

### Soláthar Seirbhíse Deireadh Seachtaine, Lá Saoire Bainc, Lasmuigh de Ghnáthuaireanta i 2019




## Creatlach Cáilíochta

Sainmhínítear córas bainistíochta cáilíochta mar chóras atá curtha ar bhonn go foirmiúil agus a dhéanann próisis, gnáthaimh agus freagrachtaí a thaifeadadh chun beartais agus spriocanna cáilíochta a bhaint amach. Comhlíonann an tSeirbhís um Aifiréis Theiripeach na treoirlínte atá leagtha amach ag Cumann Aifiréise Mheiriceá (ASFA, 2019) agus Cumann Haemaiteolaíochta na Breataine "Guideline on the clinical use of apheresis procedures for the treatment of patients and collection of cellular therapy products" (2015). Tugann an tSeirbhís um Aifiréis Theiripeach faoi iniúchtaí inmheánacha agus forbairt ghairmiúil leanúnach le dea-chleachtas a chinntiú. Déantar cumarsáid le seirbhísí aifiréise eile agus freastalaítear ar chomhdhálacha Terumo agus ASFA go leanúnach. Cuireadh an póstaer "Audit of calcium use during plasmapheresis in an Irish Therapeutic Apheresis Service" i láthair in 2019 (Póstaer).

In 2019, rinneadh athbhreithniú ar gach SOP chun tacú leis an gcleachtas reatha. Rinneadh bileog eolais nua a fhorbairt d'othair agus rinneadh iniúchadh ar éifeachtacht na bileoige. Rinneadh iniúchtaí 2018 ar Chailciam agus Fibrinigin a mheas i gcomparáid leis an gcleachtas reatha agus tuairiscíodh toradh maith.

# An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (NHO)

Aithnítear go hidirnáisiúnta go bhfuil haemafhaireachas sár-riachtanach chun cleachtadh fuilaistrithe cliniciúil sábháilte a fhorbairt. Déanann sé eolas a bhailiú agus a mheasúnú ar éifeachtaí gan choinne nó nach bhfuil inmhianaithe a eascraíonn as fuilaistriú, agus forbraíonn sé straitéisí agus córais chun stop a chur leo. Tá haemafhaireachas in Éirinn á chomhordú ag an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (NHO), atá mar chuid de Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (IBTS). Ó bunaíodh an clár i 1999, tuairiscíodh 7360 frithghníomh agus teagmhas trom díobhálach ar an iomlán mar thoradh ar fhuilaistriú.

Déanann an NHO idirchaidreamh le, agus tacaíonn sí leis na hOifigigh Haemafhaireachais (HVOnna) atá bunaithe in ospidéil ar fud na hÉireann, agus leis na Comhairligh Leighis a bhfuil freagrachtaí Haemafhaireachais acu. Anuas air sin, cothaíonn an NHO naisc le comhghleacaithe go hidirnáisiúnta, tríd an Líonra Idirnáisiúnta Haemafhaireachais (IHN), agus trí Líonra Fuilaistriúcháin na Ríochta Aontaithe (SHOT).

## Teagmhais Throma Dhíobhálacha (SAEnna) - éigeantacha agus neamh-éigeantacha

Rinne an NHO athbhreithniú agus ghlac sí le SAEnna éigeantacha maidir le cáilíocht agus sábháilteacht fola faoi Threoir 2002/98/EC an AE maidir le Fuil, in éineacht le SAEnna neamh-éigeantacha a bhaineann le gné chliniciúil an fhuilaistriúcháin. Tagann na tuairiscí seo ó fhorais fola, bainc agus áiseanna fola d'ospidéil. Tuairiscíodh 119 SAE éigeantach le linn 2019 (49% de na SAEnna go léir). Chomh maith leis sin, tuairiscíodh 121 SAE neamh-éigeantach (51% de na SAEnna go léir) a bhain go príomha le hearráidí i réimsí cliniciúla. Áirítear san fhigiúir sin imthosca ina mbíonn an Fhuil Chontráilte san Fheadán (WBIT) (líon=48) a bhailigh an NHO den chéad uair in 2019.

## Frithghníomhartha Troma Díobhálacha (SARnna) - éigeantacha agus neamh-éigeantacha

Tuairiscíodh 119 frithghníomh ar an iomlán in 2019 a thagann leis na critéir. Tá méadú tagtha ar an líon SAR Éigeantach (54) a tuairiscíodh go dtí seo i gcomparáid leis an líon a taifeadadh in 2018 (41).

## Fógra Bliantúil faoi Fhrithghníomhartha agus Teagmhais Thromchúiseacha Dhíobhálacha (FBFTTD)

Chun cloí le Treoir 2005/61/ CE Aguisín II D agus III C ón gCoimisiún, caithfidh gach ospidéal a bhíonn ag aistriú fola agus gach foras fola foirm ANSARE a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an NHO. Thuairiscigh an NHO 174 tuairisc éigeantach in 2019 (don bhliain tuairiscithe 2018), agus bhí tiomsú thuairisc ANSARE 2019 ar siúl nuair a bhí an tuarascáil seo á scríobh.

## An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA)

Is é HPRA an tÚdarás Inniúil chun gach gné de threoir Fola an AE a chur i bhfeidhm agus, mar a tharla sna blianta roimhe seo tionóladh cruinnithe go rialta leis an NHO chun athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna chun teagmhais a ndearnadh tuairisc orthu a phlé.

## Oideachas, cur chun cinn agus forbairtí

Tacaíonn an NHO le forbairt leanúnach ar chláir oiliúna inseirbhíse in ospidéil trí hobair a dhéanamh i ndlúthpháirt le HVOnna atá bunaithe in ospidéil. Leanadh ar aghaidh le hoideachas leanúnach a chur ar eolaithe míochaine fochéime agus iarchéime agus ar chláraitheoirí speisialtóra chomh maith i rith na bliana. I gcomhréir leis an sainordú maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhoireann na n-ospidéal, d'eagraigh an NHO 'lá oscailte' in Eanáir le haghaidh HVOnna nua-cheaptha a dhírigh ar ghnéithe den chóras tuairiscithe agus ar dhul i dtaithí ar oibriúcháin IBTS agus an NHO. D'fhreastail fiche HVOnna nua-cheaptha ar an ócáid.

## Ríomhfhoghlaim

Lean IBTS de cheadúnú agus sholáthar clár ríomhfhoghlama 'Learnbloodtransfusion' d'ospidéil trí LearnProNHS. Tá an chuid is mó d'ospidéil na hÉireann agus roinnt institiúidí tríú leibhéal cláraithe ar an gclár. Cuimsíonn sé seo foireann ospidéil agus fochéimithe cúram sláinte in ollscoileanna áirithe atá ag gabháil do na modúil mar riachtanas cúrsa éigeantaigh. Tá ar a laghad ceann de na modúil 'Learnbloodtransfusion' críochnaithe ag os cionn 19,300 úsáideoirí.

# Clárlann na hÉireann um Smior Neamhghaolmhar

Is teiripe tharrthála é trasphlandú ceall sinsear fuilghinte d'othair áirithe a bhfuil leocéimí, siondróim theipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ar leith ó bhroinn orthu. I gcás líon mór othar nach bhfuil an rogha tosaíochta acu mar atá siblíneach atá comhoiriúnach go hiomlán a úsáid, cuireann deontóirí neamhghaolmhara as na milliúin deontóir deonach atá ar fud an domhain rogha oiriúnach eile ar fáil.

Bunaíodh Clárlann na hÉireann um Smior Neamhghaolmhar (IUBMR) i 1989 le freastal ar an ngá atá ann le deontóirí chun cealla sinsir fuilghinte a dheonú d'othair Éireannacha agus idirnáisiúnta.Déanann an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta tíopáil fíochán ar dheontóirí atá cláraithe ar an bpainéal neamhghaolmhar. Cheadúnaigh an HPRA an clárlann faoi Threoir Fíocháin an AE 2004/23/CE.

## Creidiúnú Idirnáisiúnta

Ó 1991, tá IUMBR cleamhnaithe le Cumann Deontóirí Smeara an Domhain (CDSD), eagraíocht a shocraíonn caighdeáin oibriúcháin do chláir smeara ar fud an domhain. Bronnadh creidiúnú iomlán clárlainne ar IUMBR in 2012. Tá na comhordaitheoirí ar fad a oibríonn sa IUMBR deimhnithe trí chlár oideachais CDSD.

## Gníomhaíochtaí Náisiúnta

Ó 1991, tá IUMBR cleamhnaithe le Cumann Deontóirí Smeara an Domhain (CDSD), eagraíocht a shocraíonn caighdeáin oibriúcháin do chláir smeara ar fud an domhain. Bronnadh creidiúnú iomlán clárlainne ar IUMBR in 2012. Tá na comhordaitheoirí ar fad a oibríonn sa IUMBR deimhnithe trí chlár oideachais CDSD.

## Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Rinne an IUBMR ceangal le Córas Eolais na hEorpa um Dheontóirí Smearaigh (EMDIS), córas cumarsáide a chuireann ar chumas chlárlanna idirnáisiúnta painéil a chéile a chuardach agus deontóirí a roghnú go héasca i gcomhair tástála leathnaithe. Roghnaíodh daichead a naoi deontóirí Éireannacha i gcomhair tástáil bhreise in 2019.

## Earcú Deontóirí Éireannacha

Le blianta fada, b'éigean daoine a d'fhéadfadh a bheith ina ndeontóirí gaschille a earcú trí chlinicí deonaithe fola. Go dtí le gairid, b'éigean do dheontóirí iarratas sonrach a dhéanamh le bheith ar an gclárlann. Sa cheathrú ráithe de 2019, athraíodh an chonair earcaíochta do dheontóirí gaschille fola. Faoi láthair, tugtar cuireadh do gach deontóir fola atá ag an aois chuí clárú leis an gclárlann, nuair a fhreastalaíonn siad ar chlinic chun fuil a dheonú. Mar gheall air sin, tá méadú suntasach tagtha i líon na ndeontóirí a mbíonn ina ndeontóirí gaschille fola freisin. In 2019, thug 2758 deontóirí nua samplaí fola chun clárú le Clárlann na hÉireann um Smior Neamhghaolmhar, a chuirfear leis na 21,000 deontóir féideartha atá ar an gclárlann faoi láthair. Sin méadú faoi seacht den earcaíocht i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

## Deonuithe ó Dheontóirí Éireannacha

Éascaíodh deonuithe ó 6 dheontóirí Éireannacha in 2019 (gaschill fola agus limfícítí deontóra) d'othair náisiúnta agus idirnáisiúnta.

> *“Bunaíodh Clárlann na hÉireann um Smior Neamhghaolmhar (IUBMR) i 1989 le freastal ar an ngá atá ann le deontóirí chun cealla sinsir fuilghinte a dheonú d'othair Éireannacha agus idirnáisiúnta.”*



# Cáilíocht & Comhlíonadh

## Cáilíocht & Comhlíonadh

De réir mar a chuirtear an Straitéis Cháilíochta athbhreithnithe chun cinn, rinneadh roinnt athruithe suntasacha san fheidhm Cháilíochta agus Chomhlíonta le linn 2019, agus mar chuid de na hathruithe sin ceapadh Stiúrthóir Cáilíochta & Comhlíonta, Bainisteoir Rialaithe Cáilíochta, Bainisteoir Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta agus Oifigeach Bithfhaireachais. Le linn 2019, rinneadh na cuspóirí agus tograí sa Straitéis Cháilíochta a aistriú isteach i bPlean Straitéiseach IBTS 2017-2020 nuair a cuireadh tús leis an bpróiseas inmheánach maidir le Cáilíocht Táirgí. Dearadh é sin le cinntiú go mbaintear cuspóirí agus tograí cáilíochta amach go sásúil, rud a chuirfidh ar ár gcumas torthaí ardcháilíochta a bhaint amach ar fud an ghnó agus a thacóidh leis an gcultúr cáilíochta a dhaingniú ina iomláine.

### Na rudaí is tábhachtaí a baineadh amach in 2019 faoi na trí cholún den Straitéis Cháilíochta

### Córais Cháilíochta Nua-aimseartha

Ba é an t-éacht ba shuntasaí in 2019 ná gur éirigh linn leagan ár gcóras leictreonach Rialaithe Doiciméad, SmartSolve, a uasghrádú. Tá feabhas tagtha ar eispéireas an úsáideora dá bharr, chomh maith le bearta éifeachtúlachta próisis, agus céim chun tosaigh atá ann agus sinn ag dul i dtreo ár gCóras Cáilíochta a nuachóiriú.

Cuireadh tús le féinmheasúnú cuimsitheach den Chóras Cáilíochta i dtrí réimse: comhlíonadh, éifeachtacht agus éifeachtúlacht. Bhíothas in ann mar sin tús a chur leis an gcéad chéim ag dul i dtreo pleananna spriocdhírithe a fhorbairt lenár gcleachtais ó thaobh cáilíochta de a fheabhsú.

Cuireadh seisiúin oiliúna ar siúl do bhaill foirne i ndáil leis na prionsabail a bhaineann le Bainistíocht Riosca Cáilíochta i gcomhthéacs na dtreoirlínte, Q9, atá leagtha amach ag an gComhdháil Idirnáisiúnta maidir le Comhchuibhiú (ICH). Is próiseas córasach é sin chun rioscaí a bhaineann le cáilíocht táirge a mheas agus a rialú, chun cumarsáid a dhéanamh fúthu agus chun athbhreithniú a dhéanamh orthu. Is é an chéad chéim eile a bheidh ann a chinntiú go n-aistreofar an cur chuige seo thar gach gné den Chóras Cáilíochta.

Tá tionscnaimh thábhachtacha eile ag tarlú sa réimse seo i gcónaí amhail bearta níos fearr cáilíochta a fhorbairt d'fhonn léargas níos fearr a thabhairt maidir le chomh héifeachtach agus atá ár gCóras Bainistíochta Cáilíochta agus, go háirithe, Gníomhartha Comhéigneacha agus Coisctheacha. Tá obair shuntasach sa réimse sin beartaithe le haghaidh 2020.

### Gafacht Geallshealbhóra

Le cinntiú go ndéanann an fhoireann cáilíochta riachtanais ár gcustaiméirí a thuiscint agus a shásamh i gcónaí, tá tús curtha le comhpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus tá fás ag teacht air sin i gcónaí, agus eagraíodh seisiúin aiseolais agus chumarsáide chuige sin. Is é an chéad chéim eile a bheidh ann ná múnla an Pháirtí Gnó Cáilíochta a úsáid san fhoireann Dearbhaithe Cáilíochta (QA). Tá an múnla sin deartha chun caidreamh níos éifeachtaí a bhunú, rud a chinnteoidh go mbíonn baill foirne dearbhaithe cáilíochta tiomnaithe ag tacú lenár bhfoirne oibríochta. Tá sé beartaithe clár aiseolais ó pháirtithe leasmhara maidir le cáilíocht a dhéanfaidh éifeachtach ár seirbhíse a mheas i rith an ama agus a thacóidh le deiseanna chun feabhas a dhéanamh a aithint.

### Lucht Oibre Cáilíochta Inbhuanaithe

Tá iarrachtaí ar bun go fóill le cinntiú go mbeidh struchtúr éifeachtach bainistíochta i bhfeidhm i gcónaí amach anseo. Chomh maith leis sin, leanann an Fhoireann Ceannasaíochta Cáilíochta de bheith ag tabhairt faoi na hinniúlachtaí reatha agus riachtanais acmhainní a athbhreithniú taobh istigh de gach réimse den fheidhm Cháilíochta agus Chomhlíonta. Le linn 2019, chuathas i ngleic le pointe ríthábhachtach spleáchais san Fheidhm Cháilíochta TF nuair a earcaíodh Speisialtóir Cáilíochta TF.



***“Ba é an rud ba shuntasaí in 2019 ná an t-uasghrádú rathúil a rinneadh ar an leagan dár gcóras chun Doiciméid a Rialú, SmartSolve. Tá feabhas tagtha ar eispéireas an úsáideora dá bharr, chomh maith le bearta éifeachtúlachta próisis, agus céim chun tosaigh atá ann agus sinn ag dul i dtreo ár gCóras Cáilíochta a nuachóiriú.”***

Cuirfear béim láidir fós ar earcú agus acmhainní a fháil, pleanáil comharbais san áireamh, le go mbeidh rath orainn in 2020. Déanfaidh sin a chinntiú go mbeidh an riar cuí scileanna againn i ngach réimse den fheidhm Cháilíochta agus Chomhlíonta, rud a chuirfidh ar ár gcumas an fhís atá againn a bhaint amach.

## Nuashonrú Rialála

Chuimsigh clár bliantúil iniúchaidh an HPRA 7 gcuairt iniúchta le linn 2019, cuairteanna ar 4 chlinic agus 2 láithreán san áireamh. Chlúdaigh na hiniúchtaí sin gníomhaíochtaí a bhaineann le Taiscí Fola agus Fíocháin, na gníomhaíochtaí a bhaineann le Clárlann na hÉireann um Smior Neamhghaolmhar agus Gaschealla Liombacha san áireamh. Tháinig eachtra amháin mór neamh-chomhréireachta a bhain le gné de chóras Taisce Fíochán chun cinn. Déantar nuashonrú rialta ar na hÚdaruithe Déantúsaíochta freisin i rith na bliana agus déantar iad a choimeád chun staid reatha IBTS a léiriú. Comhdaíodh tuarascálacha bliantúla freisin ar ghníomhaíochtaí bainteacha na bhForas Fola agus Fíochán de réir riachtanais IBTS. Rinneadh 19 nIniúchadh Inmheánacha in 2019 faoi Chlár na nIniúchtaí Inmheánacha.

## Príomhshonraí Cáilíochta

Déanann IBTS taifeadadh, imscrúdú agus gníomhaíocht tríd an gcóras Tuairiscí Teagmhais (IR) maidir le teagmhais inmheánacha saincheiste a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shábháilteacht deontóirí agus táirgí, nó nach gcloíonn leis na nósanna imeachta ceadaithe. Rinneadh 708 IR in 2019, i gcomparáid le 618 in 2018. Déileáladh le 65% díobh sin, i gcomparáid le 78% in 2018. Déanann IBTS gearáin chustaiméirí a thaifeadadh, a imscrúdú agus a fhreagairt trí chóras na nGearán Fola. Rinneadh 797 gearán a thuairisciú in 2019, i gcomparáid le 942 in 2018. Déileáladh le 62% díobh sin, i gcomparáid le 79% in 2018. Ghlac SFÉ le 300 aistarraingt táirgí in 2019 a bhain le IRnna agus Gearáin. Glacadh le 312 aistarraingtí táirgí in 2018.

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, ba mar thoradh ar fhógairt iar-dheonaithe ar thinnis ó dheontóirí formhór na n-aistarraingtí sin. Déanann IBTS bainistíocht réamhghníomhach ar athruithe ar phróisis agus ar nósanna imeachta trí chóras Rialaithe Athraithe. Ligeann an córas seo dúinn rioscaí agus tairbhí athraithe a rochtain sula gcuirtear i bhfeidhm é. In 2019, ardaíodh 399 rialú athraithe, arb ionann athruithe sealadacha agus 48 acu. Cuirtear sin i gcomparáid le 385 rialú athraithe agus 64 athrú sealadach a tháinig chun cinn in 2018. Ina theannta sin, tháinig 363 Ordú Athraithe chun cinn in 2019, a úsáidtear chun cáipéisí a nuashonrú áit nach bhfuil gá le haon athrú suntasach ar phróisis, agus ba é 80% an ráta críochnaithe. Tháinig 406 ordú athraithe chun cinn in 2018, agus bhí ráta críochnaithe 81% ann.

Déanann IBTS monatóireacht ar Theagmhais Throma Dhíobhálacha (SAEnna) agus ar Fhrithghníomhartha Troma Dhíobhálacha (SARanna) agus tuairiscíonn sí iad don Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (NHO). Le linn Ráithe 1 & Ráithe 2 2019, ghlac an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais le 27 Teagmhas Trom Díobhálach agus 1 Fhrithghníomh Troma Díobhálach ó IBTS. Agus an tuarascáil seo á scríobh, bhí tuarascálacha ar Ráithe 3 agus Ráithe 4 2019 á gcur le chéile. Déantar anailís ar an gcóras Gearán agus córas na dTuairiscí Teagmhais go leanúnach i rith na bliana le cinntiú go ndéantar Teagmhais Throma Dhíobhálacha agus Frithghníomhartha Troma Dhíobhálacha a ghabháil. Bhain an chuid ba mhó de na Teagmhais Throma Dhíobhálacha a thuairiscigh SFÉ don tréimhse seo le hearráidí a bhain le tástáil, eisiúint agus dáileadh.

Déanann IBTS bainistíocht réamhghníomhach ar athruithe ar phróisis agus ar nósanna imeachta trí chóras Rialaithe Athraithe. Ligeann an córas seo dúinn rioscaí agus tairbhí athraithe a rochtain sula gcuirtear i bhfeidhm é. Ardaíodh 385 rialú athraithe in 2018, agus críochnaíodh 50% díobh. Tá sé sin i gcomparáid le 593 rialú athraithe in 2017, ar críochnaíodh 53% díobh ag deireadh na bliana sin. Ina theannta sin, tháinig 363 Ordú Athraithe chun cinn in 2019, a úsáidtear chun cáipéisí a nuashonrú áit nach bhfuil gá le haon athrú suntasach ar phróisis, agus ba é 81% an ráta críochnaithe. Tháinig 538 ordú athraithe chun cinn in 2017, agus bhí ráta críochnaithe 78% ann.




# Acmhainní Daonna

## Eagraíocht Ardfheidhmíochta a Fhorbairt

Is é misean IBTS freastal ar riachtanais fuilaistrithe othar, agus cuideoidh gairmiúlacht ár mball foirne agus flaithiúlacht ár ndeontóirí linn é sin a dhéanamh. Tá gealltanas tugtha i bplean straitéiseach 2017-2020 IBTS maidir leis an tseirbhís agus an fhoireann a chothú, a fhás agus a fhorbairt. Táimid ag tabhairt faoi chláir shuntasacha ar fud na heagraíochta chun claochlú a chur ar bun. Tá na cláir sin á gcur chun cinn go pointe áirithe de bharr riachtanais forbartha oibrithe agus athruithe sa mhéid lena mbíonn siad ag súil, forbairtí teicneolaíochta agus 'cath an chumais'. Oibríonn na cúinsí sin go léir le chéile chun go mbeifear ag díriú isteach go leanúnach ar dhaoine agus ar eagraíocht ardfheidhmíochta a fhorbairt.

Tá rannóg na nAcmhainní Daonna i gcónaí ag tabhairt faoin gclaochlú, agus faoi na daoine agus an tseirbhís a chumasú chun fás a dhéanamh. Leis sin a bhaint amach, déanann na ranna Acmhainní Daonna, seirbhísí Timpeallachta, Sláinte agus Sábháilteachta, Foghlama agus Forbartha, agus sainseirbhísí Leabharlainne, tacaíocht straitéiseach agus oibríochta a chur ar fáil don ghnó.


## Timpeallacht, Sláinte agus Sábháilteacht

Faoi mar atá leagtha amach i Straitéis 2017 – 2020, tá sé mar aidhm againn "Sláinte agus sábháilteacht Timpeallachta a dhaingniú san eagraíocht". Agus an méid sin bunaithe ar bhonn lárnach againn, chuaigh Timpeallacht, Sláinte agus Sábháilteacht ar aghaidh ag tabhairt faoi Chóras Bogearraí don tSláinte agus Sábháilteacht Cheirde a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus d'éirigh leis an tseirbhís modúil ar theagmhais, riosca agus rialú doiciméid a chur i gcrích ar fud na heagraíochta. Eagraíodh roinnt seisiúin oiliúna agus tacaíochta foirne/rannóige chun tacú leis an soláthar.

Ba mhaith linn cultúr a bhaint amach ina mbeidh EHS ina dhlúthchuid den ról atá ag gach duine san eagraíocht ó lá go lá. Chuige sin, sheol IBTS an feachtas 'Cinntiú go bhfuil an tSábháilteacht Infheicthe' i ráithe 1, 2019, in ionaid Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí, d'fhonn a chuid éifeachtachta a mheas agus an feachtas a leathadh amach ar bhonn náisiúnta. Ba í príomhaidhm an fheachtais ná cultúr dearfach i leith na sábháilteachta a chur chun cinn agus gach rannóg agus fostaí a spreagadh coinníollacha/gníomhartha sábháilte agus contúirteacha araon a thuairisciú sa dóigh is go mbeidh an tsábháilteacht feiceálach taobh istigh dá rannóg/foireann féin. Chun an cultúr sin a spreagadh, tugadh isteach clár tuairiscithe dar teideal Gabháil mhaith/Breathnóireacht Sábháilteachta, d'fhonn baill foirne IBTS agus daoine eile a chumasú glacadh leis an gcúram fadhbanna a aithint agus a shocrú taobh istigh dá rannóg féin agus an timpeallacht oibre go ginearálta. In 2020, déanfaimid an feachtas a mheas le fáil amach ar éirigh leis, agus déanfaimid iarracht cur leis.

## Na láthair ina bhfuil ár n-ionaid réigiúnacha

### Dáileadh ár mbaill foirne ar fud na n-ionad




## Foghlaim agus Forbairt

Tá rath straitéiseach bainte amach ar fud na heagraíochta ó cuireadh ár gcéad straitéis foghlama agus forbartha 'Obair, Foghlaim & Fás le chéile' 2017 – 2020 i bhfeidhm. Tá cultúr comhoibríoch foghlama á fhorbairt againn i gcónaí, a dhéanann an saineolas atá riachtanach a fhorbairt, a thacaíonn le deiseanna fáis, agus a chuireann modheolaíochtaí soláthair níos nuálaí ar fáil do gach ball foirne.

Dhíríomar ár n-iarrachtaí foghlama agus forbartha i mbliana ar fhorbairt ar ár n-inniúlachtaí ceannasaíochta agus bainistíochta. Chuamar i gcomhpháirtíocht leis an Dochtúir Nuala Ryan ó Ollscoil Luimnigh, ghlacamar cur chuige bunaithe ar an taighde i leith cláir a dhearadh agus a fhorbairt, agus sheolamar clár dar teideal LEAD (Oideachas agus Forbairt Ceannasaíochta). Tá a fhios againn go ndéantar ceannasaithe a chruthú, seachas iad a fhorbairt. Mar sin, is í aidhm an chreatlaigh nuálaí seo struchtúir tacaíochta a fhorbairt a chuireann ar chumas ceannasaithe teacht chun cinn agus chun aibíocht ag gach leibhéal san eagraíocht. Thosaigh 16 fhoghlaimeoirí ar an gclár iLead ag deireadh 2019. Dhearamar ár gcreatlach oiliúna agus an beartas a ghabhann leis agus é mar chuspóir againn tacú le forbairt sna hinniúlachtaí, cáilíochtaí agus bealaí atá ann le bheith mar cheannasaithe agus baill foirne. Bunaíodh ár gcéad phainéal sheachtrach oiliúna chun é sin a bhaint amach.

Rinneadh infheistíochtaí móra forbairt a dhéanamh in inniúlachtaí maidir le bainistiú athruithe, acmhainní daonna agus bainistiú daoine, agus ghlac 70 foghlaimeoirí páirt inár dtograí ceannasaíochta agus bainistíochta ar fad. Tá méadú ar an infheistíocht a dhéanaimid inár ndaoine ó thaobh foghlama agus forbartha de. Eagraíodh 145 cúrsa ar an iomlán, a chuimsigh seisiúin tionscnaimh, oiliúint éigeantach agus neamhéigeantach.

D'fhreastail 1715 duine ar na seisiúin oiliúna, agus d'fhreastail gach duine ar 3 sheisiún oiliúna ar an meán, agus d'fhreastail dáréag ar an meán ar gach cúrsa. Thugamar faoi athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar ár gClár Corparáideach Tionscnaimh chun taithí an fhostaí a fheabhsú ionas go mbeidh an t-eolas agus na scileanna riachtanacha ag earcaigh dul i mbun oibre láithreach le IBTS.

Mar gheall ar ár dtiomantas maidir le cur chun cinn a dhéanamh i bhForbairt Feidhmíochta, tá an dara sraith den fhorbairt feidhmíochta, faoi threoir na bhfostaithe, curtha i gcrích againn. Bhí eispéireas ní b'éifeachtúla ar líne ag gach duine de bharr an teicneolaíocht (Talentevo) a chur i bhfeidhm go rathúil. De thairbhe gur glacadh le cur chuige comhpháirtíochta lenár bpáirtithe leasmhara is tábhachtaí, tá forbairt ar chonairí oiliúna do gach ról bainte amach, agus tá an próiseas sin 80% réidh.





**Fostaithe a bhfuil** 10 mbliana seirbhíse bainte amach acu

**Fostaithe a bhfuil** 20 bliain seirbhíse bainte amach acu

**Fostaithe a bhfuil** 30 bliain seirbhíse bainte amach acu

**Fostaithe a bhfuil** 40 bliain seirbhíse bainte amach acu







Sa deireadh, mar gheall ar fhorbairtí i gcultúr na heagraíochta, bunaíodh ár bhFoireann Luachanna. Rinne an fhoireann trasfheidhmeach seo an staid reatha a bhí ar ár mbunluachanna a aithint agus plean 3 bliana a fhorbairt le cur i bhfeidhm i dtrí chéim; Tógáil ar Thuiscint, Ár Luachanna a Dhaingniú agus Ár Luachanna a Chur i bhFeidhm, agus cuirfear tús leis an bplean go luath in 2020. Cuireadh lenár gcultúr foghlama ó cuireadh tús le cosantóirí deonacha foghlama i ngach réimse de IBTS. Tá méadú tagtha ar chomhoibriú mar gheall air sin agus tá níos mó fuascailtí níos nuálaí oiliúna agus foghlama á bhforbairt le dul i ngleic le riachtanais na mball foirne agus na seirbhíse, riachtanais atá ag síorathrú.

## Bainistíocht Acmhainní Daonna


Cuireann foireann Bainistíochta Acmhainní Daonna IBTS réimse clár agus seirbhísí ar fáil, chomh maith le comhairle agus treorú cáilithe saineolach ar an iliomad cásanna a bhaineann le fostaíocht foirne. Tugann an fhoireann tacaíocht d'fhostaithe ar fud na heagraíochta i rith shaolré a gcuid fostaíochta. Cuirtear tús leis an tacaíocht seo sa phróiseas earcaíochta, leantar leis an tacaíocht i rith na fostaíochta agus ar aghaidh nuair a imíonn an fostaí ar scor. Faoi dheireadh 2019, bhí 603 fostaí ag IBTS (525.65 coibhéis fostaí lánaimseartha) agus 189 ball foirne ar scor agus pinsean á fháil acu.

Bíodh is go mbíonn an fhoireann Bainistíochta Acmhainní Daonna ag obair san Ionad Náisiúnta Fola atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, tá fostaithe lonnaithe ar bhonn náisiúnta agus lonnaithe i sé áit.

Tá réimse leathan sainábhar i measc pobal fostaithe IBTS a chuireann chun cinn agus a thacaíonn le misean agus cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta. Tá tábhacht ag baint leis na daoine is cumasaí a mhealladh, a earcú, agus a choinneáil ó thaobh gnóthaí reatha de, ach chomh maith leis sin ionas go dtiocfaidh fás agus forbairt ar IBTS. Postáladh 119 feachtas earcaíochta in 2019, agus earcaíodh 105 fostaí nua dá bharr, méadú 23.5% i ngníomhaíochtaí earcaíochta i gcomparáid leis an mbliain roimhe. D'fhág 82 fostaí in 2019, 13.6% de líon iomlán na bhfostaithe.

Déanann IBTS daoine a fhostú ag gach céim dá ngairm bheatha, agus cé gur 47 bliain an mheánaois atá ag fostaí IBTS, chuaigh 12 daoine ar scoir in 2019, nó 2.3% de líon iomlán na bhfostaithe.

Tugtar aitheantas d'fhostaithe as garspriocanna a bhaint, agus déanann an Príomhfheidhmeannach 10, 20, 30 agus 40 daichead bliain seirbhíse a aithint go foirmiúil. Rinneadh comhghairdeas ar leith le fostaí amháin i mbliana chun aitheantas a thabhairt dóibh as 50 bliain seirbhíse.




## AD Claochlaitheacha

Le linn 2019, dhírigh an fhoireann Bainistíochta Acmhainní Daonna isteach ar na téarmaí straitéiseacha seo a leanas: Rannpháirtíocht Fostaithe, Bainistiú Tallainne agus Cumasú Feidhmíochta, de thoradh ar Acmhainní Daonna Claochlaitheacha.

- Toradh tábhachtach a tháinig as téama Rannpháirtíocht na bhFostaithe ná comhoibriú idir foireann Acmhainní Daonna agus Foireann Margaíochta IBTS nuair a thug siad faoinár leathanach LinkedIn a athfhorbairt, rud a mhéadaigh an trácht chuig ár bhfógraíocht ar fholúntais 55%.

- Toradh tábhachtach a bhí ann sa téama Bainistithe Tallainne go ndearnadh athleagan ar shainchuntais post.

- Toradh tábhachtach a bhí ann sa téama Cumasaithe Feidhmíochta go ndearnadh athbhreithniú ar phróisis Bainistíochta na nAcmhainní Daonna d'fhonn go mbeidh siad LEAN© agus níos solúbtha agus freagrúil do riachtanais na seirbhíse.

- Toradh tábhachtach a bhí ann taobh istigh de théama na nAcmhainní Daonna Claochlaitheacha go ndearnadh córas TFC Acmhainní Daonna a uasghrádú go rathúil, rud a chuirfidh ar chumas na rannóige na próisis reatha a uathoibriú a thuilleadh agus a chuirfidh feidhmeanna féinfhreastail ar fáil i dtairseacha do Bhainisteoirí agus Fostaithe.

# Airgeadas

| Dréachtchuntais Achomair don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 | | |
|---|---|---|
| | **2019 €'000** | **2018 €'000** |
| **Ioncam** | | |
| Ioncam athfhillteach | 67,450 | 66,430 |
| Ioncam neamh-athfhillteach | 1,613 | 1,463 |
| **Ioncam iomlán** | **69,063** | **67,893** |
| **Caiteachas** | | |
| **Caiteachas iomlán** | **67,520** | **70,572** |
| Barrachas / (Easnamh) na bliana | 1,543 | (2,679) |
| Méadú/(Caillteanas) achtúireach ar scéimeanna pinsin | (6,878) | 1,926 |
| Aistriú go Cúlchistí Caipitil | (2,009) | (9) |
| Aistriú go dtí an Cúlchiste Taighde | (481) | (155) |
| Easnamh Carnach ar 1 Eanáir | (56,149) | (55,232) |
| Easnamh Carnach ar 31 Nollaig | (63,974) | (56,149) |

## Ioncam

Déantar anailís ar an €69.1 milliún (2018 €67.9 milliún) a bhí mar ioncam iomlán ag an mBord in 2019 de réir ioncaim athfhilltigh agus neamh-athfhilltigh. Is ionann ioncam athfhillteacht agus ioncam a fuarthas ó tháirgí agus seirbhísí a chuirtear ar fáil d'ospidéil de €67.45 milliún (2018 €66.43 milliún) . Cuimsíonn ioncam neamh-athfhillteach €1.6 milliún (2018 €1.46 milliún) deontas ón Roinn Sláinte maidir le tástáil HEV agus maoiniú iarchurtha don scéim aonair pinsin seirbhíse poiblí. Is léiriú é an méadú in ioncam athfhillteach ar na méideanna méadaithe a bhí ann in 2019 do Phláitíní.

## Caiteachas

Ba é €67.5 milliún an caiteachas a rinneadh in 2019 (2018 €70.6 milliún).
Tá laghdú sa chaiteachas mar gheall ar thitim i gcostais dímheasa, chomh maith le caiteachas dlí agus airgeadais.

Déanann an Bord cuntas ar phinsin i gcomhréir le caighdeán tuairiscithe airgeadais 102.

## Cúlchistí

Tá cúlchiste caipitil ag an mBord chun áiseanna nua a fhorbairt i gCorcaigh. Ba é €10.60 milliún iarmhéid chiste na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2019.

Ba é €2.3 milliún iarmhéid an chiste taighde ar an 31 Nollaig 2019. (2018 €1.8 milliún).

## Caiteachas Caipitiúil

D'infheistigh an Bord €3.1 milliún i dtionscadail chaipitiúla agus trealamh le linn 2019 (€1.0 milliún in 2018).

Ar na hinfheistíochtaí caipitiúla ba thábhachtaí le linn na bliana bhí crua-earraí infreastruchtúir nua do chóras ríomhaireachta an bhainc fola chomh maith le costais bhreise cheadúnais mar aon leis an áitreabh nua i dTuaim a fheistiú.

## Reachtaíocht um Íocaíocht Phras

Cloíonn an Bord le ceanglais na Reachtaíochta um Íoc Pras, ach amháin nuair a luaitear a mhalairt thíos. Is é an gnáthchreidmheas a ghlacann an Bord, ach amháin má luaitear a mhalairt i socruithe conartha ar leith, 30 lá tar éis an sonrasc a fháil, nó tar éis deimhniú a fháil go bhfuarthas na hearraí nó na seirbhísí ar gá íoc astu. Is é polasaí an Bhoird a chinntiú go n-íoctar gach cuntas go pras. Le linn na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2019, faoi théarmaí na reachtaíochta is infheidhme, bhí sonraisc ar luach €441,852 déanach ar feadh 20.75 lá ar an meán. B'ionann na sonraisc sin agus 1.9% de líon agus 1.08% de luach na n-íocaíochtaí go léir a rinneadh le soláthraithe as earraí agus seirbhísí i rith na bliana. B'ionann iomlán an úis agus na bhfíneálacha a íocadh maidir le gach íocaíocht dhéanach agus €14,406.

Déanann an Bord athbhreithniú i rith an ama ar na nósanna imeachta riaracháin a úsáidtear, chun a laghad ama agus is féidir a chaitheamh ag plé le fiosruithe agus réiteach sonraisc.

# Sonraí teagmhála

## Iniúchóirí

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Foirgneamh an Státchiste
Clós Íochtair an Chaisleáin
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

## Dlíodóirí

Byrne Wallace
88 Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

## Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

## Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

An tIonad Náisiúnta Fola
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8
D08 NH5R
t: 01/4322800
r:contactus@ibts.ie

www.giveblood.ie Líne Eolais do Dheontóirí ag 1850731137
www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie

## Ionad Chorcaí

Ospidéal Naomh Fionnbharra
Bóthar Dhúglais
Corcaigh
t: 021/4807400
T12 Y319

## Clinic Deonaithe Fola Bhaile Átha Cliath

2-5 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
t: 01/4745000
DO2 TK51

## Clinic Deonaithe Fola Stigh Lorgan

6 Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath
Stigh Lorgan
Co. Bhaile Átha Cliath
t: 1850 808 808
A94 NX47

## Ionad Bhaile Átha Fhirdhia

Sráid Eoin
Baile Átha Fhirdhia
Co. Lú
t: 041/6859994
A92 HCP4

## Ionad Cheatharlach

Eastát Tionsclaíoch Bhaile Mhic Thiarnáin
Bóthar Bhaile Haicéid
Ceatharlach
t: 059/9132125
R93 AC82

## Ionad Thuama

Aonad 2
Páirc Ghnó na Feá
Bóthar Weir
Tuaim
Co na Gaillimhe
t: 093 70832
H54P229

Irish Blood Transfusion Service

Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**An tIonad Náisiúnta Fola**
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8.

**Teil:** 00 353 1 4322800
**Facs:** 00 353 1 4322930
**Ríomhphost:** contactus@ibts.ie

www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie
www.giveblood.ie
Líne Eolais do Dheontóirí ag 1850 731 137